Mícheál Mac Donnchadha Páidín
Ruisin na mBan Aoidhiach
Cárna
A d'innis na sgéalta seo

Seán Mac Giollarnáth
Gaillimh
A sgríobh síos ó bhéal an sgéalaidhe.

DUBH BEAG MAC RÍ I NÉIRINN.

Ba dreatháir do Chédtach é
Ba dreitiúir dó Gráinne
Ba dreitiúir dó Mhúirnín, bean Chaol an Iarainn
Ba dreithiúir dó bean Rí na Coille Glaise. Sin í an ingean ba sine a bhí ag an Rí. (athair dhubh beag)

D'éirigh Dubh Beag mac Rí i nÉirinn maidin i Luimneach. Nuair a chuala sé go raibh a dhreithoúir Gráinne tugtha ó Fhionn Mac Cumhaill ag Diarmuid chuir sé air a chulaidh ghaisga agus a chlaidhiamh agus dubhairt sé go ngabhfhadh sé chun troda le Diarmuid. Shiubhail sé leis amach annsin agus ní fada a bhí siubhalta aige nuair a casadh trí cinn de chait leis. Ghreamuigh cat aca ar a bhróig. Ní dearna an Rí ach a chos a árdú go mbuaileadh sé an cat dá dhorna agus nuair a bhuail sé an cat dá dhorna ghreamuigh an cat dá láimh.

3 verso

“Cá bhfuil tú a dul?” adeir sí

“tá mé ag dhul chó fada le Diarmuid a thug mo dhreifiúir ó Fhionn Mac Cumhaill, go dtroidhfidh mé é.”

“Níl Diarmuid a’d le troid,” adeir sí tá sé marbh le trí seachtainí.”

Nuair a shíl sé an cat a chur di tháinig an dá chat eile ina mhullach agus níor thug siad cead do corruighe. Bhí Dubh Beag ansin agus ní raibh sé i ndon tada a dheanamh gur éirigh an cat deireannach a luigh air. D'éirigh sí ina bean có breagh agus chonaic sé ariamh.

"Cé hí, nó cé thú, nó cé hoilean thú" ar sí.

"Dubh Beag mac Rí i nÉirinn mise", adeir sé.

"Bhfuil fhios agat cé hí mise?"

"Níl fhios agam, adeir Dubh Beag. "Tá fhios agam gur bean bhreagh thú".

"Bhí mé breagh sgathamh," adeir sí. Is mise (Ainnir na nGailbhor) ingean Rigire an Gháire Ghil as an Spáinn. Mise a leigheas do dheathair Céadtach an t-am ar mharbuigh londubh é. Ceann eile de na cait sin ingean do Rí Fó-Thuinn í, agus an ceann eile ingean do rí na hIorrua í," adeir sí "bean óg í sin. Tá mise agus ingean Rí Fó-Thuinn pósta. Tá mise pósta ag mac Rí na Frainnce. Tá ingean rí Fó- Thuinn pósta ag mac Rí na Sorchaidhe. Tá muid faoi dhroidheacht ag triúr fathach. Tá duine aca sa Spáin. Tá

duine aca san Iorrua agus an fathach is mó a bhfuil draoidheacht aige san mBreatain.

Triúr mac do dhraoideadóirí a bhí i nÉirinn fadó iad. Mharbuigh siad Rí agus Bainrioghan a bhí i nÉirinn agus an triúr mac a bhí ag an Rí agua ag an mBainghrion rinne siad muc do dhuine aca, sionnach do dhuine eile, agus cú do'n duine eile. Thug an fathach mór fhéin leis a cú go dtí an Bhreatainn. D'fhága siad an sionnach i sgeichín Árdmach agus an mhuc ar Chnoc na Teamhrach, agus chuir sé faoi gheasa ansin an sionnach agus an mhuc duine ar bith a bheadh a cur catha orthab gan sagaradh leis go marbhuigheadh siad é.

An triúr fathach tháinigeadar go Luimneach san áit a raibh Diarmuid agus Gráinne agus rinneadar fear draoidheachta agus chuireadar isteach san áit a raibh Diarmuid é. Shíl Diarmuid gur ar an bhfarrge a tháinig sé mar bhí bulteanna de'n choirleach ar a chuid éadaigh. Dubhairt

an draoideadóir seo le Diarmuid go dtiubhradh sé Gráinne uaidh agus rug Diarmuid ar an tsleagh mhór ag ceapadh go marbuigheadh an draoideadoir é. Rith an draoitheadóir uaidh agus thug sé an fharrige air fhéin agus chaith Diarmuid an tsleagh mhór ina dhiaidh sa bhfairrge, ní raibh aige annsin ach an tsleagh bheag. Bhí an triúr fathach in aice leis agus gan radharc aige orthab agus chuireadar faoi gheasa Diarmuid gan dhá bhéile a ithe daon mhéis ná dhá oidhche a chodladh ar aon leabaidh go stroidheach sé an mhuc ar Chnoc na Teamhrach (Thourha) Shíl Diarmuid gurbh é an fear a chuaidh sa bhfarrge a bhí caint leis. Nuair a d'éirigh Diarmuid ar maidin lár na bhárach ní raibh le tabhairt leis aige ach an t-arm beag. Chuaidh sé chomh fada le Cnoc na Teamhrach agus thosuigh sé ag troid leis an gcollach. Bhí an oiread béiceadh ar fhéin agus ag an gcollach gur chuala na Fianna Éireann iad agus tháinnigeadar cho fada leis bhí Diarmuid marbh ag an gcollach nuair a tháinnigeadar chó fada leis agus an collach marbh.

6 verso

Nuair a tháinig Oisín chuaidh sé go bog agus go cruadh ar Fhionn Diarmuid a leigheas. Chuaidh Fionn chun a tsruthain agus thóig sé deoch uisge idir a dhá bhois le tabhairt chuig Diarmuid. Nuair a bhí sé leath bealaigh chaith sé an tuisge uaidh. Nuair a bhí sé in aice le Diarmuid chuimnigh sé ar fhéin, ar an gcleas a rinne Diarmuid air. Ní leigfead a chroide dó é leigheas. Bhí Fionn i ndon duine ar bith le deoch uisge a thógadh idir a dhá bhois.

ag Diarmuid. An fear ab fhearr do na Fianna Éireann Conán Garda, mac do shean Chonán bhí sé ag gardáil na hÉireann ar Cruach Bhinn Éadainn. Tháinig an triúr fathach chuige agus chrochadar le draoidheacht é mharbhuigheadar é i ngan fhios do na Fiannaibh.

Bliain roimhe sin mharbuigh an sionnach Oscar. Bhí Oscar ag fiadhach, lean sé an sionnach, nuair a chuir sé sáthadh sa sionnach mharbuigh an sionnach é. Tá craiceann na muice agus craiceann an tsionnaigh agam-sa adeir ainnm na ngaolbhor thug mé iad on dream a d'fheann iad. Ghoid mé le draoidheacht iad. Tá cóta déanta agam de chraiceann na muice agus carabhata de chraiceann an tsionnaigh. Caithfidh tú iad a chur ort agus codladh trí oidhche agus trí lá a dhéanamh ionnta. Nuair a bheas codladh trí oidhche agus trí lá déanta agat ionnta ní bheidh aon fhear faoin domhan a bhéas có maith leat. Beidh an draoidheacht agat, beidh an neart agat, beidh láidreacht na beirte ghaisgidheach

ionnat agus do láidreacht féin. Tá mise agus an bheirt bhan seo faoi dhroidheacht le naoi mbliana. Chaith muid trí bliana san taobh ó dheas den Spáinn inar dtrí eala, agus chaith muid trí blianan i nar bpreacháin dubha san Iorrua, agus chaith muid trí bliana i nar dtrí cinn de chuit san taobh thiar d'Éirinn, ach go bhfuil cead againn bheith ag siubhal.

'Sí mo dhreithiúir sa Spáinn is bun agus is barr agus lorg le mise bheith annseo mar tá mé. Bhí mé pósta le mac Rí na Frainnce. Chuir mo dhreithiúir ialach ar a fear mise a dhíbirt as an bhFrainnc agus mé chur faoi gheasa le faitchíos go gcuirinn treasnuidhneacht ná treampán ar bith uirthi fathach a bhí ina fear duine don triúr. Bhí an draoidheacht agam agus bhí faitchíos uirthi rómham ach ní raibh mé i ndon tada a dheanamh nuair a cuireadh na geasa orm. An fathach a chuir na geasa orm. Thug an triúr fathach leob mé go dtí an Bhreatain, agus dreithiúr mac Rí na Frainnce. Thug fathach na Breataine a ingean

ó Rí na Sorcaidha agus phós sé í agus thug sé a bhean ó mhac Rí na Sorchaidhe ingean Rí Fó Thuinn agus thug a bhean ó mhac Rí Fó Thuinn ingean Rí i nÉirinn ar marbuigheadh a dreatháracha. Bhí sí seo ina bean tighe aige sa mBreatainn. Chuir sé ingean Rí Fó Thuinn faoi gheasa agus ingean Rí na híorru i néinfeacht liomsa(ainnnim na gcalbhor). Bhí ingean eile leis an Rí i nÉirinn a marbuighadh, pósta le mo dhreatháir, mac Riodaire an Gháire Ghil. Bhí sí seo ina bean tighe ag fathach na Spáinne. An triomhadh ingean ag an Rí i nÉirinn a marbhuigheadh bhí sí pósta ag mac Rí na híorrua. Phós an fathach dreithiúr mac Rí na hIorrua. Chuir sé mac Rí na nIorrua faoi dhroidheacht agus chonnuigh sé a bhean ina bean tighe aige féin. Tá triúr ingean Rí i nÉirinn duine acab ag chaon fhathach ina bean tighe i riocht is go mbeadh smacht ag na fathaigh orthab. Thug fathach na Brearaine ingean Rí na Frainnce bean óg leis. Rinne

sé lacha dhi, chuir sé i mullach cruinn í agus chuir sé a anam féin i n-ubh ina bolag agus níorbh féidir a mharbhú go marbóchaidhe inubh é.

Téirigh a chodladh na trí oidhche anois agus beidh fhios agat annsin cé ngabhfas tú. Béimid-ne ag imteacht in ar dtrí caiple go Breatain agus nuair a dhúisfochas tusa béidh chuile áit fosgailte rómhat. Beidh an draoidheacht a'd féin an uair sin có láidir is atá a'm –sa. Dimtigh leis agus chuaidh sé a chodladh agus níor dhúisigh sé ar feadh na dtrí oidhche agus na lá agus nuair a d'eirigh sé chiumil sé bos dá shúile, dá búrla is dá mhalaí, agus chuaidh sé go dtí tobar na meala agus d'ionnlaigh sé é fhéin. Chíor sé a cheann, dubhairt sé a thráth agus d'ith sé a bhricfeasta. Ghéas sé suas é fhéin ina chulaidh de chraiceann muice, ina charabhata de chraiceann sionnaigh. Bhí claidheamh caime

dilleach dailleach fóillinní fóillinneadh, fóillinneadh ins na holagdás a thabhairt isteach na láimhe deise a thrringt amach na láimhe clé mbearradh den chéad iarradh go mbearrfadh agus go dtiubhradh leis den dara iarradh. Ghabh sé ar mhuin an tala bhailbh bhréige a raibh an dá ghreim déag ag dul un maitheasa ann bhí trí ghreim ó mhnaoi, chomh cal, tóin mhór agus intinn uaibhreach. Trí ghréimh ó tharbh , mala ramhar seasamh státamhail agus éadun dána. Trí ghreim uaidh shionnach súil bhiorach, cluais aireach agus drioball sgothach. Trí ghreim uaidh girrfiadh, silleadh ghnot (sheasadh an girrffiadh ar a dhachois deireadh agus cuireadh sé suas a dhá chois thoseigh ag breathochaidh sé siar sin é an gnot) agus léim árd.

D'imtigh leis annsin agus ghabh sé chun na coille bhain sé sliseóg de thaobh drúrach agus sliseógs de thaobh daraighe. Chath sé amach an dá shliseóg ar an bhfarraige agus rinneadar sin long luchtmhar lán soillse. Ghabh sé féin isteach innte gur árduigh sé suas a cuid seolta móra bocóideacha bscóideacha bán dearg go barra na gcrann có fada có réidh

có díreach nár fhág téad tíre gan tarraingt orgladh maide rámha gan ruaruach (oibrín an mhaide rámha). Treabhadh na farrge folcánta fíor-dhomhain nach dtreabhfar arís do lá deireadh an domhain ‘s éisg, róinte míolta móra beithidhigh bheaga bhéal-dearga na farrge thiar ag teacht ar bois agus ar bhar a mhaidí rámha aige. Na heascnna ag dul ag dul i n-easgallaí a chéille de bhrí a mheasgtha sin. Sgluig sgluig ag bfaoileáinn ó thosach na luinge go deire na luinge. Gainimh nín ag dul i nuachtar agus an gainimh garbh ag dul i n-íochtar d’éirigh na sruthacha ciarránacha cúrsánacha ag bualadh uasgainne agus ag rapáil. Is neart seoil treabhadh agus tiomáint agus bhí sé có curtha i bhfarrge is go raibh luadhóga beaga (eascanna beaga) ag teacht isteach ar bord aige.

D’iomchair sé neart seoil uirthi gur stríoc sé cuan agus caladh sa mBreatain san áit a raibh an fathach mór seo. Thug sé feisteas lás is bliana ar an soitheach i gcás nach mbeadh sí leath-uair ann.

Bhí a shúile fosgailte annsin. Bhuail sé suas an tír go dtáinig có fada le teach mór Tighearna d'fhiafruigh an Tighearna dhe cé raibh a thriall is a tharraingt.

Dubhairt sé gurbh é Dubh Beag Mac Rí i nÉirinn é go raibh sé ag tigheacht féachaint an fathach mór a mharbú.

"Spreacadh i do chuisle" adeir a Tighearna "dá bhfeadfá é sin a mharbú bhí muid ceart." Leagadh anuas aige chuile rud a leaghaidhe ag Prionnsa. Bhí fearadh an fáilte roimhe ó chuala an Tighearna gur mhac da athair é, ní raibh fhios aige céard a dhínnfadh sé leis. Nuair a bhí a bhéile ithte aige agus é ag bualadh amach le tuitim na hoidhce bhuail ainnim na ngealbhor leis. Dá bhfágtaí mise sa teach go dtí trathnóna i mbáireach bheadh an fathach marbh againn ach dá n-iarrfainn ar ingean Rí nÉirinn dul ag iarraidh na huibhe. Béidir gurb éan rud a d'innseochas

sí é o tharla i na bean tighe ag an bhfathach í.

Tá mise le trí lá i mo chapall ag dul thart, mé fhéin agus ingean Rí Fó-Thuinn, ach tá an bhean eile fagtha sa gcaisleán le ingean Rí nÉirinn fágfar i mbárach mé nó nó fágfar lá náit eile mé marn bhfágfar i mbárach mé tá sé ina sheans go bhfágfar athrú i mbáireach mé.

D'imtigh leis annsin agus ghabh sé a chodladh i dteach an tighearna an oidhche sin. Nuair a d'eirigh sé lá ar na mháireach bhuail sé amach agus casadh ainm na ngalbhor leis aríst. "Tá mé ag dul amach indiu" adeir sí "ach ní bheidh mé a dul amach i mbáireach" adeir sí d'imtigh leis agus ní raibh sé dá theasbáint fhéin. Chuaidh sé san oidhche go dtí teach an tiagharna agus ghabh sé a chodladh ann. Nuair a d'éirigh sé aríst lár n-a bháireach tháinig sí chomh fada leis dubhairt sí go raibh sí fágtha istigh

an lá sin agus go ngabhfadh sí sa gcrann có luath is bheadh an fathach imtighe agus go gcuirfeadh sí ialach ar an lacha (ingean Rí na Fraince) an ubh a bhreith. Bhí sé ag breathnú ina thimpeall go dtáinig sí chuige aríst agus an ubh aice.

“Tá fhios ag an bhfathach” adeir sí “go bhfuil an t-anam ag druidim leis. Nuair a fheiceas tú ag tigheacht é beidh sé ina chraiceannó n-a bhásta suas buailfidh tú leis an nib é ar an mball dorán atá faoi n-a chích dheis leagfaid tú den chapall é bainfidh tú an ceann dhe leis an gclaidhimhe seo naipicín duit nuair a bheas an ceann bainnte de agat tom an naipicín ina chuid fola agus bhféidir go bhfognóchadh sé duit” adeir sí.

Níor bhfada go bhfaca sé an fathach chuige. Rinne sé spéice i mullach a capaill di. Thuit sé anuas bhain sé an ceann de. Thom sé an naipicín

ina chuid fola ar an bpoinnte boise as a marbuigheadh an fathach is go raibh an tseideog imtighe as d'ísligh an crann anuas go talamh i riocht is gur tháinig Ingean Rí na Frainnce anuas di is gur eirigh sí ina bean ar an talamh. Nuair a tháinig bean an fhathaigh, Ingean Rí na Sorchaidhe, "ó" adeir sí le Dubh Beag marach a chócáilte is tá tú is gearr a bheinn ag déanamh rud leat. (mar gheall ar an gculaith a bhí air bhí fhios aice nach raibh sí indon tada a dheanamh air.)

Furt do bhéal adeir Ainnir na nGealbhor an rud atá tusa i ndan a dheanamh leis beidir go ndeanfaidhe leat féin é go garaid do dhreatháir féin an chéad duine eile a fheiceas tú. Níl fhios a'm ceard a dheanfas sé leat.

Lar na bháireach bhí mac Rí na Sorcoidhe acab fear ingean Rí na Spáinneach. Nuair a tháinig sé d'fhiafruigh sé cá raibh beann an fhathaigh. Dinnis an Ainnir dó céard a bhí sí a dhul a dheanamh.

"Tugadh sí aire di fhéin" adeir sé "fanach

sí san áit a bhfuil sí. Tháinig mise ag iarradh mo chéile féin agus bean Mhac Rí Fo-Thuinn. Tiubhraidh mé liom an bheirt. D'árduigh sé leis iad. Ní raibh duine ar bith annsin in éinfeacht le Ingean Rí na Sorchaide fágadh teach an fhathaigh aice. D'éirigh an cú ina ghaisgidheach breagh agus chuaigh Ainnir na Gaolbhar agus é féin agus Dubh Beag agus Ingean Rí na Frainnce agus ingean Rí na híorrua don Fhrainnc den chéad chuairt. Nuair a ghabh siad ann bhí chuile dhuine eirighte ón draoidheacht rómpa.

Chuaidh Ainnm na nGealbhor go dtí an Spáin bhí Dubh Beag agus Mac Rí nÉirinn (an cú) i néinfeacht léthi. Bhí cuaille comhraic ag teach an fhathach bhuail Dubh Beag an cuaille comhraic. Tháinig an bolsgaire amach agus d'fhiarfruigh sé di céard a bhí sé a iarradh.

An fathach mór atá istigh agus cuir amach é go bhfeicidh mé bhfuil aon rath leis.

"Tá sé ag cur caoi ar a chlaoidhiamhe"

adeir an bolsgaire “is gearr go mbeidh píosaí deanta díbh aige.

“Abair leis deifir a dheanamh” adeir Dubh Beag.

Tháinig an fathach mór amach fú fá féasóg fághaim boladh an Éireannaigh bhréagaigh bhradaigh is mór liom do ghreim tú is beag liom de dhá ghreim thú cé acab is fearr leat carraidheacht ar leacreacha dearga ná ag gabhail da sgeana glasa i mullach easnaicha a chéile.

Rud ar bith is fearr leat féin adeir Dubh Beag gabhfhaidh mé a caraidheacht leat mar sin ar leacreacha dearga i náit a gcaithfidh mé don domhan shoir thú nuair bhéas mé réidh leat.

Rug siad ar a chéile láimh i níochtar láimh i nuachtar laimh i nuaisle ag caraidheacht ní raibh aon fhear aon fhear ó teas an domhain go thoir an domhain a thiocfas ag breatnu ar gaisge cath nó grua-chomhrac nach ortha ba chóir a thigheacht a breathnú

deanfadh siad bogán sen cruadhán agus cruadhán den bhogán tarraingt toibreacha fioruisge trid mullach na gcloch nglas le ladhraicíní a gcos go raibh siad a caochadh na gcailleacha a bhí ag caitheamh a bpíopí sa domhan thoir. Nuair ab fhada leis an Ainnir go raibh Dubh Mhac ag fághail buachtáil “ó” adeir an Ainnir cén nach gcuimnuigheann tú ort fhéin.

Déirigh an fhuil uasal i nuachtar ann nuair a chuimnigh sé air fhéin. An chéad chor a thug den fhatach chuir sé go dtí na glúinibh é an dara cor chuir sé go dtí na bhásta é, an triomhadh cor chuir sé go dtí meall a bhraghad é.

Talamh as do chionn a bhodaigh adeir Dubh Beag.

Chím gurb eadh adeir an fathach is tú an gaisgidheach is fearr a chonaic mé ariamh adeir sé. Tiubhraidh mé

mo claidheamh soluis, poitín na hioschláinte, an slaitín draoidheachta agus mo each caol dubh a bhéarfas ar an ngaoth a bheas roimpe agus nach mbhéarfaidh an ghaoth a bheas ina diadh uirthi agus tabhair cearthu m'anma dom.

Cé bhfuighfidh mé iad adeir Dubh Beag.

Gheithfidh tú san arag mhór sin thall iad adeir an fathach.

Gub sé anonn agus tóg sé an claidheamh den arag agus dhfiafruigh sé cé bféacfaidh mé faobhar mo claidhimh.

Níor iarr sí sin faobhar ariamh adeir an fathach ach áit ar bith a mbuailfhidhe í ag cur faobhar air.

Is maith liom é bheith mar sin adeir Dubh Beag leis an gcloigeann a bhaint díot. Bhuail i gcomhnngar a chinn a gheill is a mhuiníl é. Bhain sé anuas é gan truisle gan tuisluight gan mheirge gan mhearbuall. Chuaidh an cloigeann

san aér ag feadghail ag dul suas do agus ag fuinn ag teacht anuas do.

Dairigh Dubh Beag ag dul ar an gcolainn. Rug sé ina dheas láimh agus bhuail sé i gclar an eadain é. Rinne sé socair é. Creidim gur chuir siad é.

Dhíbir Ainnir na nGealbhor a dreithriúr a bhí pósta ag an bhfathach agus chuir sí faoi gheasa í gan an áit a thiobachtáil ní ba mhó aríst coidhchín.

Rug sí ar shlaitín draoidheachta agus bhuail sé amach ag binn an tighe bhuail si ar chloch glas a bhi ann agus ba é a dreatháir a bhí ann ina liagan cloiche le os cionn naoi mbliana. Bhí ingean Rí i nÉirinn ina bean tighe i gcomhnaidh sí a bhí posta leis an bhfear a bhí ina leaghan cloiche. Bhíodar suaimhneach annsin.

Bhí Ainnir na nGealbhor agus ingean Rí na hIorrua i néinfeacht le Dubh Beag i gcomhnuidhe agus an cú. Chaith sé

annsin a dhul go dtí an Iorrua san áit a raibh an fathach eile go marbhuidheach sé é. Bhuail sé leis go dtáinig sé don Iorru go dtáinig sé san áit a raibh an fathach. Bhuail sé an cuaille comhraic.

D'fhiafruigh an bolsgaire de céard a bhí sé a iarraidh.

Dubhairt sé go raibh sé ag iarraidh ar an bhfathach tigheacht amach féachaint cé acab an fear ab fhearr.

Dubhairt sé go raibh an fathach ag cur a chuid eadaigh air agus go mba gearr uaidh (ó Dhubh Beag) an bás.

Abair leis deifir a dheanamh adeir Dubh Beag.

Is gearr go dtáinig an fathach fú fá fiasóg fáim boladh an Éireannaigh bhréagaigh bhradaigh is mór liom de ghreim thú is beag liom de dhá ghreim thú. Níl fhios am céard a dheantas mé leat mara gcuirridh mé de sheadóg san aer thú faoi mo chosa sa

lathaigh nó tú cheangal de bhairialacha mo bhróga.

Ní le cóir ná le ceart a iarraidh ort a tháinig mise annseo adeir Dubh Beag ach ag baint coir is ceart díot.

Cé aca is fearr leat ag caraidheacht ar leacreacha dearga nó ag gabhail de sgeann glasa, mullach easnacha a chéile.

Rud ar bith a thogruigheas tú fhéin adeir Dubh Beag.

Gabhfaidh mé ag caraidheacht leat ar leacreacha dearga go gcaithfidh mé don domhan soir tú adeir an fathach.

Rug siad ar a chéile láimh i níochtar láimh i nuachtar laimh i nuaisle ag caraidheacht ag caraidheacht. Ní raibh aon fhear ó thiar an domhain go thiar an domhain a thiocfadh ag breathnú ar ghaisge cath nó crua-chomhraic nach orthab ba choir a thigheacht ag breathnú. Rinne siad bogán den cruadhán agus cruadhán den bhogán tarraingt toibreacha fíor-uisge tríd mhullach na gcloch nglas na spreabreacha

a bhí siad a bhaint le laoidhraicíní a gcos go raibh siad ag caochadh na gcailleacha a bhí ag caitheamh a bpíopaí san domhan thoir.

Labhair an Ainnir annsin leis. Nuair a labhair déirigh an fhuil uasal i nuachtar ann thug sé cor don fhathach agus chuir sé go dtí na glúinibh den iarradh sin é chuir sé go dtí na bhasta don dara cor agus chuir sé go dtí meall a mhuiníl san triomhadh cor é.

Talamh as do chionn a bhodaigh adeir Dubh Beag.

Chím gurb eadh adeir an fathach is tú an gaisgidheacht is fearr a chonic mé ariamh. Tiubhraidh mé dhuit mo claidhiamh soluis, mo phóitín íocshlainnte agus mo shlaitín draoidheachta agus tabhair cearthamha in anma dom.

Cé bhfuigheadh mé iad adeir Dubh Beag. Gheithfidh tú ar an arag sin thall iad adeir an fathach.

Ghabh sé anonn thóig sé an claidiamh den arag.

Cé bhféacfaidh mé faobhar mo chlaidhmhe adeir Dubh Beag.

Pé bí smután a fheiceas tú annsin adeir an fathach níor iarr sí aon fhaobhar ariamh ach chuile rud a cur faobhar air.

Muise ní feicim aon aon smurán is bréine na do chloigeann fhein adeir Dubnh Beag. Bhuail sé den chlaidhiamh i gconngar a cinn a gheill is a mhuiníl gur bhain sé an cloigeann anuas de gan truisle gan tuirlingt gan mheirg gan mearball gur chuir sé ag feadail san aér é agus ag gabháil fuinn ag dul anuas dó rug rug sé ar a claidhiamh ina dheaslaimh gur bhuail sé i gclar an eadain an cloigeann gur dfága sé socair é. Bhí glanadh le déanamh annsin.

Gabhaidh tusa amach as an teach seo anois adeir an Ainnir le bean an fhathaigh

agus cuirimse faoi gheas thú agus faoi mhór dhiomú na bliana tú gan an ait a thiobhthail aríst go brách. Rug sí ar shlaitín draoidheachta agus ghabh sí amach gur bhuail sí an chloch ghlas a bhí ag binn an tighe gur thóig sí Mac Rí na hIorrua a bhí ina liaghán cloiche ar feadh naoi mbliana. (Níor mharbuigh na fathaigh na fir níor mhaith leob a mharbhú gur dreithiúracha na bhfear posta acab fhéin.)

Dfhag sí Mac Rí na hIorrua agus a bhean Ingean Rí nÉireann le chéile agus Ingean Rí na hIorrua nach raibh pósta dfága an Ainnir in éinfeacht leob í go dugeadh Dubh Beag arís dá hiarraidh le pósa.

Ghabh sí fhéin agus Mac Rí nÉirinn (an cú) agus Dubh Beag go ndeachaidh siad go Rioghacht na Coille Glaise. Nuair a tháinig siad i dtír i Rioghacht na Coille tharraing Dubh Beag suas a shoitheach san áit san ait nar baoghal dí tonn dá bualadh ná tonn dá tuairrgint

sgaoile gainimh séidthe a dhul innte. Chuir sé feisteas lae is bliana uirthi i gcóir nach mbeadh sí leath uair ann. Siubhail siad suas go dtánig siad isteach i gcúirt Rí na Coille Glaise. Bhí fearradh fáilte rompab ag ingean Rí na Coille Glaise agus ag á na fear an Rí boncail don mnaoi Dubh Beag. Faoileán Cliste Mac Fhinn badh é an Rí é. Ingean do Rí Fó-Thuinn an mhathair.

D'fhiafruigh Dubh Beag díob cén bealach a bhí leob dubhairt bean Faoileán Chliste go raibh beirt draoideadóir an Draoidedor Dubh agus an Dtraoideoir Rua agus go raibh an domhan curta faoi na gcosa acab le draoidheacht.

Tá neart draoidheachta am'sa mé féin adeir sí ach má tá féin níl mé i ndon tada a dheanamh leis.

Gabhfaidh mise i mbáireach agus gabhfaidh mé ag troid leis an draoideadóir is fearr acab adeir Dubh Beag.

Sin é an Draoidheadóir Dubh adeir sí

agus gabhfaidh sé ag troid leat ach an Draoidheadóir Rua ní thiocfaidh sé as an teach má leagann tú an teach mar níl sé i ndon rud a bithh a dheanamh ach an rud a dheanfas sé le draoidheacht.

Gabhfaidh mise i mbáireach agus cuirfidh mé troid ar an Draoideadóir Dubh adeir Dubh Beag cuirfidh mé iallach ar an méid atá aige de rioghacht a dhógadh go marbuigheadh mé é.

Dimtigh leis chuaidh sé lár na bháireach go ndeachaidh sé go dtí cúirt an fhathaigh bhuail sé an cuaille comharaic dfhiaruigh an bolsgaire a bhí thuas i mbarr na cúirte de céard a bhí sé a iarraidh.

Tá mé ag iarraidh an draoideadóir theacht amach féachaint an dtiubhradh se é féin uas dom.

Nuair a thiocfas sé amach léaghfaidh sé tú mar a leaghfaidhe calóg shneachta ag an ngrian lá a mbeadh an ghaoth ó dheas.

Abair leis a dhul amach go beo adeir Dubh Beag.

Ní fhaca tú aon deifir ariamh ach an deifir a bhí ar an draoidheadóir ag teacht amach.

Ar an bpoinnte boise is bhí an draoideadóir amuigh rug Dubh Beag air chuir sé ceangal na cúig gcaol ar an draoigheadóir go doon is go docht go dtiubharfadh laidroicín a choise seanchus do poll a chluaise ní seanach a bhearadh ach barr léin agus donnas mór.

Is tú an fear fearr a chonaic mé ariamh adeir sé. Beidh mo congnamh is mo chuidín agat is chuile bhall den domhan dá siublaidh tú agus is fearr é sin agat ná mé a mharbú.

Ní hé do congnamh ná do chuidín atá mé a iarraidh adeir Dubh Beag ach an méid draoidheacht atá agat a dhóghadh agus na doine atá faoi

29 verso

Nuair a bhí an chéad bhuimbléad dóighte agus an cladach triomtuithe bhí dubadh na gcnoc agus breacadh na ngleannta de dhaoine le feiceáil aige. Bhí siad ag eirghe de réir mar bhí an taoille ag imtheacht díob nuair a bhí an draoidheacht dóighte bhí a dhá oiread daoine le feiceál aige nuair a dhoghadh an dara boimbléad.

draoidheacht agat a leigint saor.

Dubhairt an draoitheadóir nach mórán draoidheacht a bhí aige ach an boimbléad a bhí amuigh sa bhfarraige mar a bheadh túr ann.

Doigh é fhéin adeir Bubh Beag.

Chuir an draoideadóir teine ann agus nuair a chuir thosuigh sé ag torann mar a bheadh tóirneach ann agus bhí sé ag torann go raibh sé dóigte.

Dóigh an chuid eile anois.

Níl níos mó draoidheacht agam-sa adeir sé.

Cé mar gheall ar an gceann eile atá taobh thiar de sin cén mhaith bheith ag ceilt draoideachta orm-sa nach bhfuil mise chomh maith leat féin?

Chuir sé teine annsin ins an gceann eile. Pé bí torann a bhí ag gcéad bhuimbléad ní raibh leath an oiread aige is bhí ag an dara ceann.

Nuair a bhí a dá ceann dóighte

Dóigh an tríomhadh ceann anois.

Ní liom í.

Cé leis í.

Is leis an draoideadóir Rua í atá sa gcúirt sin thuas.

Dá gcuirfinn sgeal chuige an dtiocfadh sé amach chugam.

Ní thiocfadh sé ná dá leagthá an teach air. Tá gleas coisinte aige sleagh atá sa bfardorus aige ní leigfeadh an sleagh an t-éun fhéin isteach gan marbhú. Dá leigeadh, gan an marbhú a dheanamh thuitfeadh seisean ina ghlaodhdh glas. Ní raibh aon bhlas i ndon é a mharbhú ach duine a bheith istigh a sháthfadh é leis an tsleagh nó an tsleá do thuitim gan aon marbú a dheanamh le fearr is barr draoidheachta. Bhói sé ag ceapadh nárbh fhéidir a mharbú.

Chuaidh Dubh Beag ag cainnt leis an Ainnir. Dá dtéighinn féin isteach adeir

sé ceard do mheas dá marbuigheadh an tsleagh féin mé narbh fhéidir mé a leigheas arís leis an naipicín agus an poitín íocsláinnte.

Ná triáil é adeir sí cuir isteach mac Rí i nÉirinn ina chú adeir sí. Chuir sé isteach mac Rí i nÉirinnina chú. Nuair a bhí an cú ag dul isteach thuit an tsleagh ach ní dhearna sí ach barr dhriobaill a bhaint di. Thuit an draoidheadóir ina glaodh glas.

Anois adeir Dubh Beag le mac Rí i nÉirinn (an cú) tá áit bhreagh agat pósfaidh tú fhéin agus ingean Rí na Frainnce béidh teach an draoidheadóir eile am-sa agus pósfaidh mé ingean Rí na hIorrua.

Chuaidh sé ar ais chuig an Draoideadóir Dubh. Tá tú fada go leor gan draoidheacht a dhóghadh adeir sé ní

Tiubhraidh mise cead airighe níos fuide duit. Bhain sé an cloigeann de chuir sé an cloigeann suas sa aer. Nuair a bhí an cloigeann ag teacht anuas sgoilt sé é mharbuigh sé an cloigeann chomh maith leis an gcolainn.

Thainngeadar annsin isteach ag ingean a dreifíre agus ag Faoileán Cliste.

Tá na draoidheadóirí marbh anois adeir sé agus an rioghacht glanta amach agus an méid a bhí faoi dhraoidheacht ag éirighe aníos. Ach ní díbh an rioghacht ar fad adeir sé. Tá mise ag dul a pósadh ingean Rí na hIorrua agus tá mac Rí inÉirinn ag dul a pósadh ingean Rí na Frainnce agus beidh an dá chúirt againn.

Seoladar leob ansin iad féin agus Ainnir na nGealbhor go dtáinigeadar don Fhrainnc. Phós mac Rí i nÉirinn

an fear a bhí ina chú ar feadh naoi mbliana phós sé an bhean a bhí ina lacha ar feadh naoi mbliana ingean Rí na Frainnce.

Bhí bainis sa bhFrainc aca feadh seactain nó coicéis. Nuair a bhí an bhainis caithe ghabh Dubh Beag agus mac Rí i nÉirinn agus a bhean go ndeachaidh siad don Iorrua. Dimtigh Ainnir na nGealbhor i néinfeacht leob. Phós Dubh Beag ingean Rí na hIorrua chaith siad bainis seacht noidhche, seacht lá. Nuair a bhí an bhainis caite thug Dubh Beag a bhean leis agus seoladar ar fad gur fhágadar Ainnir na nGealbhor sa bhFrainc agus gur sheoladar iad fhéin don Coill Glas iad féin agus a gcuid ban. Bhí bainis an fhairsing acab ann agus is acab a bhí an deis.

Ghabh siadsan an t-áth agus ghabh mise an Clochán báthadh iadsan agus tháinig mise. Níor thug siad dom ach bróga páipéir stocaí bainne ramhair bonn is leithphinn airgid dól mé tigh Crocubhair Uí Crocubair é i gCathair Muiris. Bhí cú, coileach a rith orm agus dá mbeireadh an chearc orm ní fhágfadh sí deoir ionam

10/11/31.

Mac Dhonnchadha an tSneachta

Micilín a d'innis 12/1/32.

Críochnuigheadh 2/2/32.

MAC DONNCHADHA AN TSNEACHTA

Rí a bhí ann agus marbhuigeadh é ag fathach. D'fhan a mhac Donnchadh ann annsin sa Tuircéis, agus a mháthair. Bhí ingean ag Rí na Gréige agus ní raibh sé sásta í thabhairt dhaon fhear ach fear a dtiubhradh an Rí trí éathach dó.

"Gabhfaidh mise chó fada le Rí Gréige," adeir Donnachadh le na mháthair lá go bhfágha mé an ingean uaidh.

"Ó nach bhfuil fhios agat" adeir an mháthair gur iomadh fear a chuaidh chó fada leis agus gur chinn sé ar chuile fear an ingean a fhagail uaidh.

"Is cuma liom" adeir Donnchadh, "béidir nach raibh fear ar bith aca chó maith liom fhéin."

Bhuail sé leis go ndeachaidh sé isteach ag an Rí. Nuair a tháinig sé isteach chuir an Rí céad míle fáilte roimhe.

"Creidim gur ag iarraidh mná a tháinig tú" adeir an Rí leis.

“Seadh” adeir Donnachadh.

“Tiubhraidh mise bean duit má chuireann tú iallach orm trí éathach a thabhairt duit” adeir an Rí.

Chuir sé chuile bhealach dá fheabhas le Donnchadh san oidche nó gur éirigh sé maidin lá m-a bhárach. Thug sé amach Donnchadh annsin ag sgaraoid bheithidheach (traoidh ulc mhór beidheach bhainne) agus dhá chailín déag dá mbleaghan.

Bhfaca tusa ariamh sa Tuircéis sgaraoid bheithideach chó breagh leob sin?” adeir an Rí le Donnchadh.

“Chonnaic mé” adeir Donnchadh, agus sgaraoid bheithidheach níos fearr faoi dhó”.

“Chonaic mé ag m’athair is mo mhathair sa Tuircéis iad” adeir Donnachdh, nach mbíodh deich mbean fhichead ag blaghan acab agus níl agat-sa ach dá bhean déag.

Muise, thug tú do dhearg-éathach, a Dhonnchadh” adeir an Rí leis. “Ní fhaca tú sgaraoid bheithidheach có maith leis sin ariamh sa Turcéis.

“Is maith liom go ndubhairt tú é”, adeir Donnchadh, “is liom-sa tríon dha t’ingean.

“Is leat, d’éirigh leat , ach chuir tú an oiread sin feirge orm thug mé éathach duit. B’fhéidir nach bhfuil maith ar bith duit sa méid sin.”

“Tá faitchíos orm go mbuailfidh sé amach mé” adeir an Rí leis an mbainrioghan nuair a tháinig sí isteach. “Níor casadh aon fhear chó maith leis liom-sa go fóill.

“Má tá sé go maith,” adeir an bhainrioghan, nach shin é is fearr. An fear is fearr atá i ndon í a bhaint díot sé an fear is fearr é.”

Lá ar na bhárach annsin aríst thug sé amach ag cruach mhóna Donnchadh

“An bhfaca tú a Dhonnchadh cruach mhóna chó mór leis sin?”

“Ó shoraidh” adeir Donnchadh, “chonnaic

mise cruach mhóna a bhí níos mó faoi dhó ná í."

"Cé aige a bhfaca tú í?"

"Ag m'athair is mo mháthair," adeir Donnchadh sa Tuircéis.

"Agus cén fáth a nabruigheann tú gur mó an chruach mhóna a bhí ag t'athair is do mháthair ná an cgruach sin" adeir an Rí.

"Fuair mise sgéal lá go raibh an ceann ab'fhuide uaim di leagtha. Chuaidh mé ag marcuigheacht ar mo chapall go bhfeicinn an ceann a bhí leagtha agus bhfacas dom go raibh leath an lae caithe nuair a bhí mé chó fada leis. Chuir mé fir dá thóigeáil agus bhí píosa den oidhche caithte nuair a bhí mé sa mbaile."

"Muise", adeir an Rí na Gréige "thug tú do dhearg-éathach pé bé céard dubhairt tú i dtaobh na mbeithidheach sin rud nach bhfaca tú ariamh, cruach mhóna có fada leis sin."

“Is maith liom go ndubhairt tú é” adeir Donnchadh, sin á dtrian dhe t’ngean.

“Béidh sí agat uilig an chéad éatgach eile a thabhras mise dhuit.

Maidin lár n-a bhárach annsin thug an Rí Dhonnchadh amach chó fada le garrada cabáiste bhí an cabáiste fásta agus na mealta dúnta.

“An bhfaca tusa aon gharrdha cabáiste có maith leis sin sa Turcéis a Dhonnchadh?” adeir an Rí.

“Chonaic mé”adeir Donnchadh.

“Cé aige bhfaca tú é,” adeir Rí Gréige.

Ag m’athair is mo mháthair,” adeir Donnchadh.

“Cén fáth a nabruigheann tú gur fearr an garrdha cabáiste a bhí ag tathair is do mháthair ná mo gharrdha-sa?” adeir an Rí.

“Maidin Dé Luain chuaidh mé féin agus mo dreatháir amach agus dhá thuaigh againn go ngearradh muid meall cabáiste. Bhí duine againn ar chaon taobh de ag gearradh na coise agus

trathnona Dé Satharain bhí an meall leigthe anuas againn agus an chois gearrtha.

“Déirim-se gur thug tusa do dhearg-éathach,” a Dhonnchadh,”ní raibh meall cabáiste ariamh chó mór go gcaitfeadh beirt fhear seachtain ag gearradh na coise faoi.”

“Is maith liom go ndubhairt tú é.” Adeir Donnchadh. Is liom-sa t’ingean ar fad.”

“Is cuma liom sin” adeir an Rí. “Ní peacadh mór dom m’ingean a thabhairtduit mar tá fhios agam gur mac Rí thú ach má tá mé dhá tabhairt duit féin caithfidh tú pósadh annseo. Ní leigfidh mise m’ingean as an gcúirt. Fanfaidh tú féin is í féin i néinfeacht go bhfágadh sibh bás” adeir an Rí. Fear atá chó breagach leat-sa beidh tú i ndon obair a chur chun cinn.”

Phós sé féin agus an ingean le chéile agus d’fhan siad sa gcúirt go raibh mac acab agus sé an t-ainm a baistiadh air an Turcach Gréigeach.

Bhí siad dhá thóigeáil go dtí go raibh sé ina thrí bliand déag d'aois bhí sé ina fhear an uair sin có mór le fear a bith a bhí sa nGréig.

Bhí an Rí ann i gcomhnaidhe. Is mór an feall adeir an Rí leis an bhfear óg lá gan gaisge a mhúineadh dhuit. Cuirfidh mé go hÉirinn thú go múintear gaisge duit ann ag na Fianna Éireann. Níl maith ar bith san áit seo le gaisge a mhúnadh duit ann.

Cuireadh go hÉirinn annsin é i néinfeacht le Fianna Éireann ach má cuireadh féin níor thaitnigh sé chor ar bith leob. Ní raibh fear a bith acab i ndon breith air. Bhí faitchias orthab go dtiocfadh sé ró-fhada dá gcuirtigh fearg air.

Well adeir Fionn leis lá níl fear ar bith có maith le Rí Sgeithighe téirigh chó fada leis agus gheifidh tí an ingean uaidh. Bhí Fionn ar súl

gur chuir sé go Rí Sgeithighe é.

Nuair a tháinig sé chó fada le Rí Sgeithighe dfhaifruigh sé de cé raibh a thriall ná a tharraingt.

“Tá mé ag tigheacht ag iarradh mná” adeir Donnchadh. Chuala mé nach bhfuil aon Rí chó maith leat-sa” adeir Donnchadh.

“Muise níl,” adeir Rí na Sgeithighe ach níl aon bhean agam le tabhairt duit. An bhean atá agam níl sí ach ina cailín fós adeir sé ach féadfaidh tú fanacht againn go go mbeidh sí ina bean agus cuinneochaidh mise coisnighthe í gan aon duine eile a leigint í thabhairt uainn.

D’fhan sé ansinn i néanfacht leob bhí bhí sé ag dhul isteach is amach go ceann seachtaine. I gceann seachtaine annsin dubhairt an Rí leis go raibh teach fathaigh in aice leob agus dubhairt sé leis a dhul

ag iarraidh ghac mhuc air. Abair leis glac muc a chur aniar chugam go ceann seachtaine, go gcuirfidh mé an luach chuige nó glac mhuc ar a shon.

Nuair a chuaidh sé chomh fada leis an bhfatach d'innis sé dó.

Fú fá fiasog, adeir an fathach faighim bolaidh an Éireannaigh bhréagaigh bhradaigh ort.

Ní Éireannach mise, adeir an Turcach Gréagach. Ní le ceart ná le cóir a tháinig mise anseo ach le cóir agus ceart a bhaint díot.

Cé fearr leit a caraidheacht ar leacreacha dearga ná ag sgean glasa i mbolg easnacha a chéile.

Is fearr liom ag caraidheacht ar leacreacha dearga i náit a mbeidh mo chosa míne fíor-uaisle ag dhul i nuactar agus do spága móra mi-stuamadh ag dul i níoctar.

Rug siad ar a chéile annsin lám i níochtar is lamh i n-uachtar is lámh i n-uaisle coraidheacht. Ní raibh aon fear ó híordáin go húrdáin a theocfadh ag breathnú ar ghaisge cath ná crua-comhrac nach orthab ba chóir a thigheacht ag breathnú. Dhéanadh siad bogán den chruadán agus cruadhán den bhogán ag tarraingt toibreacha fíor-uisge trí mhullach na gcloch nglas agus na spreabreacha a bhí siad a bhaint le ladraicín a gcosa go raibh siad ag caochadh na gcailleacha a bhí ag caitheamh a bpíopaí sa Domhan Thoir go dtáinig an spideao ar ghualainn Mhac Dhonnchadha an tSneachta.

A Mhic Dhonnaeadha an tSneachta, adeir sí corruigh amach níl bean do chaointe ná bean do shínte ná bean do ghioráin annseo ach mise agus beidh tú itthe ag beag éanlaith agus mór éanlaith an domhain

sul dá mbeidh sop ar do chreicheacha agam. Corruigh amach agus cuimrigh ort fhéin.

Mar sin thug sé cor don fhathach an chead chor a thug sé dó chuir sé go dtí na glúine é an dara cor chuir go dtí n-a bhásta an tríomadh cor go meall a bhrághad. “Talamh os do chionn a bhodaigh” adeir sé. “Ó chim gurb eadh” adeir an fathachis tú an gaisgidheach is fearr a chonaic me ariamh adeir sé. Tiubraidh mé an poitín íocshlainnte dhuit adeir sé tiubhraidh mé an each chaol dubh duit a bhearfas ar an ngaoith a bhéas róimpe shul dhá mbearfaidh an ghaoith a bheas ina diaidh uirthi agus tiubhraidh mé duit mo claidhiamh solus agus an slaitín draoidheachta agus tiubhraidh mé duit fáinne na hóige.

Cé bhfuigfidh mé iad?

Gheithfidh tú san arg mór sin thall iad

47 verso

Níl sé sin ag iarradh faobhar ar bith. Sé an chaoi go mbíonn faobhar ag dhul air chuile áit dá mbuailfidh sé.

adeir an fathach ach ni mór duit mé féin a tharraingt go n-iomtuighidh me an clar duit.

Níl aon chall duit leis adeir sé ionntóchaidh me fein é.

D'ionntuigh sé an clár den arg agus thóig amach an claideamh solus.

Cé bhféachfaidh mé faobhar anois air adeir sé.

Pé bí smután is bréine a fheicfeis tú annsin adeir sé.

Ní feicim aon smután is bréine ná do shean-cloigean féin dá bhualadh i gcomhngar a chinn a ghéill is a mhuiníl bhain sé de anuas é gan truisle gan toirle (tuirling) gan mherg gan mhearbhall. Rug sé ina dheas –láimh ar claidhiamh soluis agus bhuail sé i gclár a éadain an cloigean agus rinne sé sgoiltean de.

Ní mhór duit adeir an cloigeann dá mbeinn-se thuas arís. Ní leat a

cuideochainn. Ba ghearr é do saoghal.

Nuair a bhí tú thuas ba dona tú adeir Donnchadha. Chuir sé caoi ar an méid a bhí aige, ar an bpoitín iocshlainnte ar an tslaitín draoidheachta, ar an gclaidheamh soluis agus ar fhaine na hóige.

Chuaidh sé chomh fada leis an Rí.

Cén fath nar thug na muca chugam adeir an Rí.

Is ar éigin a thug mé m'anam uaidh adeir sé is olc an áit ar chuir tú mé. Creidim gur ag iarraidh mé a mharbhú a chuir tú ann mé.

Ní headh adeir an Rí. Shíl mé go gcuirfeadh sé chugam iad.

Tá bó agam agus tá biorán ina cluais. Níl fhios agam ceard a chuir anné. Nuair eireóchas tú ar maidin ba cheart duit a dhul agus an biorán a bhaint as a cluais.

Nuair a d'éirigh sé ar maidin chuaidh sé a rith ar a mbó. Nuair a chonaic an bhó é chuir sí a cloigeann i n-áirde agus rith sí uaidh. Rith sé ina diaidh gur uirthe. Dhruid sé isteach léithe gur bhain sé an bioránas a cluais.

Ar an bpoinnte boise is a bhain sé an biorán as cluaisna bó d'éirigh fear as a'gcluais is sheas sé le na thaobh. D'éirigh an bhó ina bean len-a thaobh.

Is ait an fear thú adeir an fear le mac Donnchadha.

Ar chuir an Rí ag cúirt an fhathaigh thú?

Chuir Mac Donnachadha agus mharbuigh mise an fathach.

Is ait an fear thú adeir an fear seo í an ingean is sine ag an Rí. Nuair a tháinig mise dhá hiarraidh chuir an Rí ag an bhfathach mé. Mharbhuigh

an fathach mé. Rinne sé bó den ingean agus chuir sé mise isteach ina cluais.

Ta cúirt an fhathaigh agam-sa adeir Mac Donnchadha.

Ní ghabhfhaidh mise isteach sa gcúirt sin aríst adeir an fear agus ní ghabhfhaidh an ingean ach an oiread agus ná téirigh thusa ann Mac Rí na Sosmáin mise adeir sé.

Má tá is innte sin a gabfas mise anocht adeir sé agus an bhean freisin agus teirigh ann tusa freisin ná teirigh ag an Rí níos mó.

Chuaidh siad isteach i gcúirt an fhathaigh annsin, an bheirt fhear agus an bhean.

An bhfuil an biorrán agat adeir an fear.

Tá.

Leag ar an bhfuinneog ansin thall

é go dtí i mbárach adeir an fear a bhí i gcluais na bó.

Nuair a bhí siad ag dul amach ar maidin tabhair leat an biorán sin agus caith síos sa teine é adeir an fear le Mac Donnchadha.

Nuair a rug sé ar an mbiorán chuir sé a shean bhéic as.

Dubhairt sé leis an bhfear go raibh an biorán ag béiceadh.

“Caith síos ar an teine é agus ná bac le na chuid béiceadh. Fág ar an teine é.”

Nuair a chaith sé síos ar an teine é thosuigh an biorán ag béiceadh agus ag caoineachán.

Chuaidh siad amach agus chaith siad píosa den lá ag siubhal go raibh sé in am fhágail. Tháinig siad isteach nuair a tháinig siad isteach bhí beirt bhan ina suidhe cois na teine.

D’aithnigh sé bean an fhir seo a chonnaic

sé ar maidin ach nóíor aithnigh séan bhean eile.

A bhfuil a fhios agat adeir fear na cluaide cé hí an bhean sin.

Níl adeir sé.

Sin í do bhean féin. Sin í a bhí ina biorán sin í an biorán a chaith tú sa teine, an biorán a bhí i gcluais na bó atá ina bean anois. Ní raibh ag an Rí ach triur ingean. Rinne sé bó de ingean acab agus biorrán den ingean eile tá an ingean eile sa mbaile aige.

Phós an fear annsin agus an ingean ba sine le chéile agus phós Mac Donnchadha an ingean eile bhí siad in einfeacht sa gcúirt. Ní raibh siad ann ac seachtain nuait tháinig fathach ag an doras ag iarraidh comhraic. Ba mhó faoi dhó é ná an chéad fhathach dfeicfeadh siad an domhan mór idir a dhá chois agus ní fheicfidís

rud ar bith idir a mhullach agus an t-aér bhí sé chomh mór sin.

Tá sé chomh mairh duit adeir Mac Rí na Sosmáin a dhul amach agus é sin a mharbú aseir sé leis an Turcach Gréigeach.

Teirigh fhéin amach adeir an Turcagh Gréigeach agus marbuigh é. Tá cúirt agam-sa cheanna agus mharbhuigh mé fathach is marbuigheadh thusa é sin agus bíodh cúirt a'd féin.

Ghabh mac Rí na Sosmhain amach annsin agus nuair a ghabh sé amach rug an fathachair agus chaith sé uaidh é chuir sé seacht n-iomaire agus seacht n-acra uaidh é. Nuair a thuit sé chuaidh sé go dtí a dhá asgail sa talamh.

Nuair a chonaic an Turcach Gréigeach Mac Rí na Sommán caithte ag an bhfathach ghabh sé fhéin amach. Ní raibh sé i ndon greim a fhágail air níos airde ná a dhá lorgadh. Nuair a fuair sé greim orrab

agus gur tarraing sé aige a chosa thuit an fathach anuas ar an talamh agus bhain sé an cloigean de.

Nuair a bhí an cloigean bainte de aige ghabh sé agus tharraing se an fear eile as an talamh agus chuireadar an fathach mór.

Lár na bhárach chuir na mná amach ag bheirt fhear féachaint cé aca is mó a shiubhalfadh. An té is mó a shiubhalfadh is aige a bheadh an chuid is móde thalamh na bhfathach. Bhí dhá liathróid ag na mná agus shiubhalfadh an dá liathróid an oiread céadna leis an mbeirt fhear. Ba chuma leis na fir sa tubaiste céard a dheanfadh an talamh. Siad na mna a bhí dhul a roinnt na talmhan. Nuair a bhí na fir imtighe a siubhal tháinig an bheirt bhan amach agus chaith siad na liathroidí agus nuair a tháinig na

liathróidí ar ais sé an fad céadna a bhí siubhalta acab.

Níor chuir an Turcach Gréigeach aon stros air fhéin ach rás a thabhairt ar maidin agus a theach arist. Cheap se go raibh a dhíol talmhan aige san méid a shiubhail sé. Bhí an fear eile ag siubhal feath an lae. Sé an oiread céadna talmhan a bhí acab. Nuair a tháinig siad abhaile séard dubhairt na mná leob gurb mar a chéile a bhí siubhalta acab.

Tá sé chomh maith duit adeir an bhean leis an Turcach Gréigeach a dhul sa gcúirt is saidhbre an fear deirneach sin a mharbuigh tú sé a chúirt is airde. Má tá tú le cúirt a fhagail aige seo tá sé cho maith duit é fhágail sa gcúirt atá aige.

Bhuail sé leis é féin is a bhean. Bhí sé a dhul a tabhairt leis an méid a

bhain sé den fhathach roimhe sin, an each caol dubh, an claidhimh soluis, poitín na híocshláinte, an tslaitín dhraoidheachta agus fáine na hóige a bhí ar a mhéir. (Bhí sé i ndon duine a choinnéal óg go bhfuigheadh sé bás.)

Chuir sise iallach air iad sin uilig a fhághail ina dhiadh. “Tá ceann de chaon cheann acab i gcúirt an fhathaigh mhóir. Tá mé ag dul ann le seachtain ag beathú an chapaill agus chonaic mé iad.

D’fhága sé iad ag Mac Rí na Sosman annsin. Chuaidh sé féin agus a bhean chó fada le teach an fhathaigh mhóir agus níot thaobhuigh ceactar aca cúirt a Rí.

D’fhan an Turcach Gréigeach ahuds a bhean le chéile go raibh beirt mhac aca. Annsin tháinig Mac Rí na Socmán cuca i n-áit go raibh an ingean óg tugtha ón Rí. Dubhairt sé go dtáinig an Rí có fada leis. Bhí caoineachán na

muice dóigthe aige a rádh go raibh an ingean tugtha uaidh.

Níl mise a dul có fada leis go dtigidh sé chó fada liom féin adeir an Turcach Gréigeach.

Nuair a tháinig an Rí có fada leis dfhiafruigh sé dhe cé thug uaidh an ingean.

Fathach as an Turcéis, adeir sé.

Is maith liomsa a dhul annsin adeir sé. Gabhfaidh mise annsin agus marbhóchaidh mé an fear sin.

Bhuail sé leis annsin é féin agus Mac Rí na Sosmáin gur imthigheadar có fada leis an Turcéis. Nuair a tháinigeadar go dtí cúirt an fhathaigh bhuail an Turcach Gréigeach an doras. Tháinig an doirseóir agus d'fhiafruigh sé de ceard a bhí uaidh. Dubhairt sé gur grabaire é a bhí ag iarraidh lóisdín na hoidce.

58 verso

Is fada an lá nár tháinig bhur leitheidí da mhéisín mhilis mhéith isteach chugainn. An chuid againn atá laidir a shroichfidh píosa díosa díb iad tá siad ag gáire,an chuid nach bhfuil láidir nach bhfuigfidh aon phíosa díbh tá siad ag caoineadh.

Tá sé i n-am agaibh tosú orm mar sin, adeir an Turcach Gréigeach ag breith ar chaol a choise ar an gceann ba ghoire dó agus bhí sé ag gabhailt ar an gcuid eile leis go raibh siad marbh go dtí an t-amas mór.

Thuga leat adeir an doirseoir go teach na n-amhus. Má thugann siad lóisdín duit tugaidh adeir sé agus muna dtugann ní fearr linn agat é ná acab fhéin.

D'imtigh leis agus nuair a thainig sé isteach i dteach na n-amhus thosuigh cuid aca ag gol agus cuid aca ag gáire. Cén fáth an ghol is an gáirí? adeir sé.

An t-amhus mór rith sé isteach sa gclúid agus chuir sé a shean ghaire as

urlár sguabtha
binsín luachra
teine faduighthe
agus ceathramha m'anam agam

adeir an fathach mór.

Ní hé t-anam a bhí mé a iarraidh ach suaimhneas a bheith agaibh agus sibh a bheith cineálta.

Rug an t-amus mór orthab seo a bhí marbh ag an Turcach Gréigeach chaith sé amach ar an gcnocán iad. Sguab sé an t-urlár

d’fhaduigh sé teine agus chraith sé binsín luachra.

Dubhairt an Turcach Gréagach nach ngabhfadh sé a chodladh go bfághadh sé greim le n’ithe ghabh sé aríst go dtí cúirt an fhatha agus bhuail se an doras. Tháinig an doirseoir.

Cé tá annsin adeir sé.

Grabaire beag atá ag iarraidh greim le n’ithe.

Téirigh go dtí an baicéar adeir an doirseoir agus má tá greim de arán donn aige nó builín nach bhfuil aon graithe aige féin de ní fearr linn aige é ná agat-sa.

Dimtigh leis go ndeachaidh sé có fada leis an mbacús. Bhuail sé an doras. Dhfhiafruigh an báicéar cé bhí annsin.

Grabaire beag atá ag iarraidh greim le n’ithe go maidin adeir sé.

Tá mé ag cur an arain isteach sa mbacús agus dá mbeadh tú istigh chuirfinn isteach i néinfeacht leis thú is breágh an builín a dheanfá.

Ní fada go mbeidh adeir sé ag dul isteach ag cur bos le n-a thóin is le n-a cheann is chaith sé isteach sa mbacús é dfháisg sé an chomhla air agus rinne sé builín dhe i néinfeacht leis an arán.

Dhárduigh sé leis cúpla builín agus ghabh sé go teach na n-amus. An méid aráin a bhí sa mbacús bhí sé rith roimhe agus ina dhiadh go ndeachaidh sé go dtí teach na n-amhus.

Anois adeir sé leis an amhus mór ith do dhíol agus dá mbeadh sibh múinnte liom-sa nuair a tháinig mé isteach thiubhrainn bhur ndóthin díb.

Thosuigh sé féin ag ithe bhí an t-arán dhá thachtadh agus dubhairt sé go gcaithfeadh sé deoch a fhághail. Ghabh sé go dtí cúirt an fhatha. Bhuail sé an doras. Tháinig an doirseoir dfiafruigh sé cé bhí annsin.

Grabaire beag mé atá ag iarraidh deoch.

Muise is tú an grabaire siubhlach adeir

an doirseoir. Téirigh go dtí an brúighéar agus má tá leonn ruadh aige nó rud ar bith eile nach bhfuil aon ghnaithe aige féindhe tugadh sé dhuit é agus má tá graithe aige dhe ní fearr linn agat é.

Ghabh sé go dtí an brúighéar gur bhuail sé an dorus.

Dhfhiafruigh an brúighear cé bhí annsin.

Grabaire Beag mé atá ag iarraidh deoch go maidin.

Tá mé ag dul a' múchadh na ndamhfí agus dá mbeadh tú isteach agam is breagh a mhúchfá dom iad.

Ní fada go mbéidh adeir séa' dul isteach ag breith ar an mbrúighéar agus dá chaitheamh isteach i ndamhach acab agus d'fhág sé annsin é.

Dárduigh sé ceig leis agus an méid ceigeanna a bhí ann. Bi siad ag rith roimhe agus ina dhiaidh go dtáinig siad go dtí teach na n-amhus.

Bí ag ól anois, adeir sé leis an amhus mór agus dá mbeadh sibh múinnte liom-sa tiubhrainn bhur ndóthain le nithe is le nól díb uilig adeir sé.

Dionnsuigh siad ag ól annsin go raibh a mór dhóthain olta acab. Nuair a bhí a ndóchain olta acab luigh siad siar ar na hamogháibh luachra gur airigh siad an lá. Nuair a dairigh siad an lá agus dhúisigh an bheirt ghaisgidheach.

Anois adeir an Turcach Gréagach, tá mise ag dhul ag troid ceart leis an bhfatach i mbáireach agus coinnigh thusa ó dhul san áer ó thárla an droidheacht agat. Coinnigh thusa ar an talamh dom-sa é.

Nuair a déirigh sé annsin chuimil sé bos dá shúile dá búrla is dá mhalíbh chíor sé a cheann, ghabh sé a thráth agus d'ith sé a bhricfeasta, ghabh sé go dtí tobar na meala agus dhúnnlaigh sé é féin. Ghléas sé suas ina culaidh ghaisge chatha agus crua-chomhraic

é féin. Bhí coitín de craiceann eascann air go pluic a dhá mhasa. Bhí spuir dheiligneacha ghréigeacha griannta treas pocán na míol mor a nbeadh sé ina mhadra dhá ninneoin. Bhí sé sgríobhtha síos ar i na litreacha móra gurb e féin beo bheois na mbeota fear marbhú na gceata fear cóir is ceart a bhaint amach gan cóir ná ceart ar bith a thabhairt uaidh claodiam duilleach dhailleach fóill in-í fóill an fgeá fóill an fhéad is na hollagadár a tharraingt isteach na láimhe deise agus ag tabhairt amach a láimhe clé mara mbearradh san chéad iarraidh go mbearrfadh is go dtiubhradh leis san dara hiarraidh gabh sé ar bun an talamh bhalbh bréige a raibh an dá ghreim déag a dhul chun maitheasa dó trí greim dá mhnaoi com caol, tóin mhór agus inntinn uaibhreach trí ghreim dá tharbh mala ramhar,seasamh státamhail agus éadan dána, trí ghreim dá sionnach súil bhiorach, cluais aireach agus rioball sgóthach,

trí greim dá ghirrfeadh filleadh grot agus léim árd. Bhuail sé an cuaille comhraic annsin agus níor fhága sé laogh i mbuin searach i gcapall iasg ar linn girrfiad i dtuim leanb i mnaoi nar bhain sé trí iompó beo is marbh ar agus iompó ar ais aríst.

Déirigh an bolsgaire boird i mbarr na cúirte annsin agus dhfhiafruigh sé de cérd a bhí sé a iarraidh.

Tá mé ag iarraidh seacht gcéad ar m'aghaidh seacht gcéad ar mo chúaibh, seacht gcéad ar gach taobh díom agus feadh mo radhairc uaidh sin amach, adeir an Turcach Gréigeach.

Tháinig sin chuige an méid sin fré chéile agus dfiafruigh sé díob an ag an bhfatach nó aige féin a bhfearr leob an lá a bheith.

Dubhairt siad go mbearr leob aige féin é.

Déanfaidh sin mar sin fanaidhidh mar tá sib ní mharbhóchaidh mise duine ar bith agaibh. Is liom sa an riogheacht agus béidh sí agaibh agaibh ar ball.

Ghabh sé annsin agus bhuail sé an cuaille comhraic arís.

Déirigh an bolsgaire boird agus d'fhiafruigh sé de céard a bhí sé iarraidh.

Tá mé ag iarraidh an fhathaigh adeir sé.

Tá sé dá ghléasadh féin amach i néadach pláta sa gcaoi nach bhfuil aon bhuille dá buailfeas tú air nach n-imtheochaidh dhé mar d'imteochadh braon uisge de ghé agus níl aon buille dá mbuailfidh sé ort mach n-imteochaidh ón gcraiceann go dtí an crámh agus ón gcnámh go dtí an smior agus ón smior go dtí an smiontann.

Tháinig an fathach mor amach tharraing é dhé ubhall nimhe as a dhé phóca i néinfeacht agus chaith sé leis an Turcach Gréigeach iad choisin seisean é fhéin le bonn a bhróg. Nuair a shíl sé an fathach a bhualadh dhéirigh an fathach san aer agus thug Mac Rí na Sosmáin anuas é le draoidheacht.

Béigean dó seasamh ar a talamh. Chaith an fathach agus an Turcach Gréigeach leath an lae ag troid le dhá chlaidheamh agus nior leig ceachtar aca bualadh ina chreiceann. Nuair a bhí leath an lae caithte tháinig ingean Rí Sgeithighe amach le dha phláta mine coirce chucab. Shuiheadar an fathach mór go nitheadh sé a chuid féin. Chonnaic an Turcach Gréigeach sgríobhtha ar chlaidheamh an fhatha nach raibh marbhú i ndán dó go marbhuigheadh a chladheamh féin é. Ní dhearna sé breith ar a phláta féin agis an mhin choirce a chaitheamh isteach idir an dá shúil i néadan an fhatha agus an claidheamh a sgiobadh uaidh.

Bhuail sé i gcomhngar a chinn a ghéill is a mhuiníl gur bhain sé an ceann de gan truisle gan tuisle gan misg gan mearbhall gur bhuail sé i gclár an éadain é gur shuimrigh sé an ceann.

Is mairg duit adeir an ceann

nár thug tú greim le nithe dom i dtosach ó rinne mé féin an tapa ab fhearr adeir an Turcach Gréigeach.

Nuair a bhí an fathach marbh aige thug an bhean an tslaitín draoidheacht amach chuige bhí liagháin chloiche déanta de dhaoine ag an bhfathach. Thóig sé arís iad. Bhí Mac Rí Lochlainn ina liagán cruaidh cloiche agus tógadh é ina ghaisgideach.

Sin é an fear a bhí dom iarraidh adeir ingean Rí Sgeithighe. Thug an fathach leis é agus rinne sé liagán cruaidh cloiche dhe agus thug sé mise leis. Posfaidh muid anois adeir sí agus tiubhraidh tú an áit seo dúinn ó tharla áit agat féin adeir sí leis an Turcach Gréigeach.

Is beag an baoghal atá orm adeir sé, áit mo shean-athair féin. Tugadh t'athair áit duit nó tugadh athair an fhir duit é.

Níor thug sé di an áit. Dfhága sé fear dá raibh ann i mbun na háite

agus d'imtigh sé féin agus mac Rí na Sosmáin mac Rí Lochlainn agus ingean Rí Sgeithighe có fada le Rí Sgeitithge.

Nuair a tháinig siad isteach ag an Rí cé bheadh isteach rómpa ach Donncadh Donn na gCleas ag tigheacht ag iarraidh ingean Rí Sgeithighe é féin. Nuair a tháinig an ingean agus an fear a raibh sí ceapadh a bheith aice ní raibh meas ar bith aice air le hais Donnchadh Donn na gCleas. Bhí sé ina fhear breagh. Éireannach a bhí ann.

Labhair an Turcach Gréigeach leis agus dhfiarfruigh sé dhó cé raibh sé a dhul. Dubhairt sé go raibh sé ag dul ag iarraidh mná.

Tá an bhean seo ag dul ag pósadh an fhir seo agus ní fhéadfaidh tú í fhaghail.

Ní phósfaidh mé é adeir sí má phósann an fear seo mé.

Nach gut t'iarraidh a tháinig me adeir an fear cleasach

má seadh adeir an ingean pósfaidh mise thú.

Níl tada le déanamh agam-sa mar sin adeir mac Rí Lochlainn ach a dhul abhaile.

Téirigh abhaile adeir an ingean.

Ní ghabhfaidh sé abhaile go gcaithfidh sé do bhainis adeir an Turcach Gréigeach.

Phós sí féin agus Donnchadh Donn na gCleas le chéile agus bhí bainis seacht lá agus seacht n-oidhche acab le mil ghréagach agus beoir Lochlannach. Blas na meala ar gach aon ghreim dhe agus gan greim ar bith acab tor agus ní raibh fios cé bfearr an chead oidhche ná an oidhche dheireannach, ach an oidhch dheeannach bhuail an codladh uilig iad agus tháinig mac Rí Rhír na nGealt agus thug sé uathab an bhean.

Nuair déirigh siad annsin fuair siad an bhean imtighe uathab ag Mac Rí

70 verso

sruthánaí tarránach cúrránacha ag tigheacht ag bualadh tuargaint agus ag rapáil,

Thír na nGealt.

Tá sí imtighe uainn anois adeir siad.

Má tá fhéin adeir Donnchadh Donn na gCleas gheithfidh mise arís í.

Ghabh sé agus bhain sliseog de thaobh dúrach agus slisóg de thaobh darach agus chaith sé amach ar an bhfarrge iad agus rinne siad long luchmhar lán de shoillse dárduigh sé suas a cuid seolta móra buaóideacha bacoideacha ban dearg go barra na gcrann có fada có-réidh, có-díreach nar fhág téad tíre gan tarraing nár fhosgail maide ráimhe gan ruaimhreach treabhadh na farrge folcanna fíor-dhomhain nach dtreabhfar aríst go lá deire an domhain. Eisge, rónnte, míolta móra, beithigh bheaga bhéildearga na farrge thiar ag tigheacht ar bhois is ar bhais an mhaide rámha sglug, sglus ag an bfoillean i dtosach na loinge go deire na loinge na heasgonna a dhul i n-asglaí a chéile an gaineam garbh

ag dul i níochtar an gaineamh mín a dhul n-uachtar le neart teann feabhas agus tiomáint.

Sheol siad leob agus níor stríoc siad cuan na caladh gur shríoc sé tón cuain is caltha cúirt Rí Tír na nGealt san áit nar bhaoghal dí tonn dá bualadh ná tonn dá tuairrgint (da bualadh anuas den talamh)sgoilte gainimh séidhte a dhul innte. Thug sé feisteas lá is blianana uirthi i gcóir nach mbeadh sí leatuair ann. Bhuail siad suas go dtáinig siad isteach i gcúirt Rí na nGealt. Nuair a chonaic sé ag tigheacht iad bhí fearadh na failte rómpab an ceathrar acab Mac Rí na Sosuian, Mac Rí Lochlainn, an Turcach Gréigeach agus Donnchad Donn na gCleas. Gléasadh chuile nídh dá feabhas doib cuireadh cuca ar bord é gur chaith siad dinnear

breagh. Nuair a bhí an dinnéar caithte acab sé an ait a dtáinig muid ag na hinghine ort adeir an Turcach Gréigeach.

Tá sí le fághail agat adeir Rí na nGealt.

Ó ní mise atá dhá hiarraidh adeir Donnchad ach an fear seo má thugann tú dó í, Mac Rí Lochlannach.

Fuair Mac Rí Loclannach annsin an ingean agus pósadh iad.

Anois adeir Donnchadh le mac Rí Thír na nGealt a bhfuil tusa a dul dul ag coinneál na mná a ghoid tú aréir?

Tá adeir an Mac

Dubhairt Donnchadh má bhí gurb sin é an bás do”níl aon fhear istigh i di riogheacht nach marbhóchaidh mise ma ta draoigheacht agat-sa ta beirt fear agam-sa a bhfuil

draoidheacht acab chomh maith leat-sa.

Tugadh sé an bhean dhuit adeir an t-athair. Tiubhraidh ar mhaithe leis féin adeir sé Cé'n sórt duine thú adeir an Rí leis an mac nach bhfuil an riogheacht sáthach fada agat le bean a fhaghail duit fein gan bean a bhí pósta leis seo a thabhairt uaidh nuair a fuair tú ar meisge é.

Dubhairt an mac annsin go dtiubhradh agus thug.

Chaith siad an oidhche sin ag ithe ag ól agus ag deanamh bainse. Maidin lár na bháireach dfhágadar Mac Rí Lochlannach annsin tháinig siad féin agus an bhean abhaile go Riogheacht Rí Dgeithighe. Nuair a tháinig siad abhaile annsin thug an Turcach Gréigeach a theach féin do Dhonnchadh Donn na gCleas agus chuaidh sé féin is a bhean is a chlann don Turcéis agus dfhannadar ann go bhfuair siad bás. Níor thug

siad dom-sa ach bróga páipéir agus stocaí bainne ramhair bonn is leath-phinghinn airgid dól mé tigh Chrochubhair Uí Chrochubhair i gCathair Muiris é. Bhí an coileach a rith orm agus dá mbéireach an cearc orm ní fhagfadh sí deoir i ndom.

Lá Fhéil Muire na gCoinneall

2/2/1932

i gCárna.

MÁIRE.

Cailín aimsire a bhí innte Máire a bhí uirthe bhí sí i ndon chuile rud a dheanamh. Ní raibh aon tuirse léithe. Ghabh sí suas go Baile Átha Cliath. Bhí sí cupla bliain ag obair ann. Tháinig dochtúr anall as Sasana ann. Thaithnigh sí thar cionn leis dubhairt sé pé bí paidhe a bhí dí, dubhairt sé go dtiubhradh sé a dhá oiread dí, go raibh a bhean féin aige agus mór sheisear ingean agus mac ach nach raibh an mac a mbaile.

Bhuail sí i néineacht leis anonn go Sasana. Bhí sí ag obair ach níor thaithnigh an bhean cor a bith léithe. Bhí sí an- mhór innte féin pé bí obair a dheanfadh Máire bhí an bhean ag iarraidh tuille a chur uirthi. Bhí an bhean anuas uirthi ach bhí an fear go maith dí.

Oidhche a bhí anósin bhí sí ag ceapadh go ngabhfadh sí amach ag siubhal

Domhnach a bhí ann. Nuair a chonaic an bhean a dhul amach i dubhairt sí léithe an gráta a ghlanadh agus a pholasáil.

Rinne Máire é agus nuair a bhí sé déanta aice ní raibh aon aithne uirthe nach raibh sí ní ba gloine ná mar bhí sí roimhe sin.

Thug an bhean anuas an mór-seisear ingean agus dubhairt sí le Máire a ngruaig a chioradh agus rinne Máire é. D'orduigh sí annsin dí an tuarlár a nigheachán i riocht is go gcuirfeadh sí ar a glúine í. Nuair a bhí sin déanta aice níor mhiste dí dul amach. Ní raibh aon bhlas millte faoi na cuid éadaigh aice.

Ghabh an bhean ansin agus chaith sí salachar ar ceann de na leapreacha agus d'orduigh sí í do Mháire éadach glan a chur ar an leabaidh. Bhain Máire a culaidh Domhnaigh dí agus chuir sí culaidh

eile uirthi. Chaith sí éadach na leabtha síos i dtubán agus chuir sí éadach glan uirthe. Nuair a bhí sin déanta aice shuidh sí síos ar chathaoir agus thuit sí ina codladh. Ní fada a bhí sí ina codladh nuair a facthas dí go dtáinig fear chó fada léithe agus go dtug sé isteach i dteach í agus nuair a thug sé isteach í thug sé naipicín póca dí agus taosgán d'airgead glas istigh ann agus go dtug sé naipicín póca eile annsin dí agus go raibh ór istigh ann. Facthas dí annsin go dtáinig bean agus go dtug sí culaidh shíoda dí agus gur chuir sí an chulaidh shíoda uirthe agus go dtáinig fear annsin agus gur leag sé bord breagh aice agus gur chuir sé iallach uirthe suidhe isteach ag an mbord. Nuair a bhí an méid sin drimleoidí déanta aice d'airigh sí an torann ag teacht isteach agus dhúisigh sí ar an bpoinnte is bhí sí duisighthe tháinig

fear breagh isteach dfhiarruigh sé dí cé raibh muinntir an tighe dubhairt sí leis go raibh siad imtighe amach. Dubhairt sé leithe a bhéile a fhághailt réidh dhó fuair sí an béile réidh dhó.

D'fharfruigh sé dí cáide a bhí sí sa teach dubhairt sí leis gur dhá bliain a bhí sí ann.

Is mór an job ceart a bhain de mo mháthair adeir sé mac leothab sin mise. Tá mé sa nGearmáin le bheith i mo dhochtúr. Ní bheidh mé mo dhochtúr go ceann trí mbliana.

Níorbh fhada go dtáinig siad isteach bhí fearadh na fáilte roimhe nuair tháinig siad isteach, dfhan sé an oidhche sin agus lá eile agus dimtigh sé a súl annsin. Thug sé lán naipicín airgid glas do Mháire ag imteacht dó.

Bhí sise annsin go ceann dhá bhliain agus ba mhór an job dí an bhean

a shasamh. Phós duine den na hingeanacha annsin phós sí cóisteoir. Cheannuigh siad teach dó có maith le na dteach féin. Tháinig an mac aríst i gceann dhá bhlian. Bhí dinnéar mór acab agus bhí an cóisteoir agus a bhean ann dubhairt an mac nár cheart duine corr a bheith ag an mbord agus go go dtiubhradh sé féin an cailín ann.

Thosuigh an mháthair ag cailleamhaint a céille céard tá tú a dheanamh adeir sí má thugann tú ann í fágfaidh mise é fág má thoghruigheann tú féin é adeir an mac níl aon mhaith dhuit ag cainnt tiubhraidh mise ann í. Nach bhfuil mé féin pósta le ingean Rí adeir sé , phós mise ingean Rí ó bhí mé annseo agus níl aon locht agam an cailín a bheith ag an mbord liom, bean atá i ndon chuile rud a dheanamh có maith léithe.

Shuaimhnigh an mhathair annsin agus nuair a shuidheadar isteach agus thosuigh

an mac ag fiafruigh den choisteoir cáide ó dfhág sé a leitheid seo d'fhear agus cáide ó dfhág a leitheid siúd. Bhí sé ag caitheamh spallaí leis an gcoisteoir agus leis an máthair a rádh nár cheart dí an ingean a thabhairt dó. Nuair a bhí an dinnear caite acab cruinnigheadh na gréithí agus nuair a bhí Maire dá nigheachán chuaidh an mac dá nigheachan léithe agus dá dtriomú agus is ag an mbeirt a bhí an spóirt dá dhéanamh.

Thosuigh an mháthair ag cailleadh a céille arís nuair a chonnaic sí an mac ag nigheachán na ngréithe.

Ó cen chiall duit a bheith ag cainnt adeir sé le na mháthair tá mé ag múnadh dí cén chaoi a nighfidh sí na soithigh is a dtriomóchaidh sí iad. Níl fhios aice cán chaoi le n-a dheanamh.

Nuair a bhí na soithigh nighthe ag Maire ghearr sí a méar agus bhí an fhuil ag tigheacht.

Cheangail sé a mear le naipicín sioda agus choinnigh sé an naipicín leithe go raibh an fhuil stoptha d'fhan sé sa mbaile annsin go raibh an mhéar cneasuighthe agus nuair a bhí sé ag imteacht annsin dubhairt sé le Máire go dtiocfadh sé dá hiarraidh.

Béidh teach dom féin agam an t-am sin is in éinfeacht liom is fearr liom thú agus ní in éinfeacht leob seo adeir sé.

Nuair a bhí an bhliain caithte chonnaic sí an cóiste breagh ag teacht ag an doras. Tháinig an mac isteach. "Bí amuigh" adeir sé le Máire. Tá mé le do thabhairt liom."

Nuair a bhí sí ag dul amach annsin an bhfuil do mhear go maith adeir sé.

"Tá" adeir sí.

Bhfeiceann tú adeir sé do cheirt agus an fhuil ag tógail an naipicín síoda as a phóca

An bhfuil sí annsin go fóill adeir sí

Tá adeir sé tá sí có maith i ndiu

is do bhí sí an lá sin. Sin í an fhuil atá uasal.

Dimtigh leis annsin agus thug sé leis í go ndeacadar isteach i gcúirt bhreagh. Tháinig bolsgaire buird agus leag sé bord dóib.

Suidh isteach adeir mac an dochtúra a Mháire agus ith do bhéile.

Shuidh siad isteach agus dith siad a mbéile. Nuair a bhí an béile ithte acab chonnaic sí bean ag teacht go dtí í agus lán a ghobhla de ghúnaí aice. Ghléas an bhean í.

Anois a Mháire tá mise agus tusa a dhul a pósadh adeir sé léithe.

Ghabh siad chun an tsagairt agus phós siad. Tháinig siad abhaile agus chaitheadar bliain le cheile go raibh mac acab.

Dubhairt sé léithe lá go raibh sé féin a dhul abhaile i gceann a athair is a mhathair go bhfeicfeadh sé cén bealach

a bhí leothab. Nuair a ghabh siad abhaile ní raibh aon ingean de na hingeacha nach raibh pósta. An ingean ab óige bhí si istigh. Bhí fearadh na fáilte ag an máthair rómpab. Bhí sí ag dhul go reidhtigheadh sí beile dóibh ná himtigh adeir an mac. Nár ndubhairt mise leat go raibh mé pósta ag ingean Rí. Níor mhaith liom teacht abhaile aríst go mbeadh an mac in einfeacht liom. Seo é an mac adeir sé agus seo í an ingean Rí. Bhain a bhean a cóta dí agus chuaidh sí féin ag gléasadh an bhéile.

Muise a mháthair cá ndeachaidh Máire adeir sé

D'imtigh sí uainn agus níl fhios agam cé ndeachaidh sí.

Ó adeir an ingean ab óige sheas sí sáthach fada. Ní raibh cailín ariamh a bfearr ná í ach ní raibh mo mháthair ag tabhairt aon cothrom dí ina dhiaidh sin.

Féach ingean an Rí dá dheanamh adeir sé nach mór an chainnt a bheadh agaibh-se dá dheanamh.

Nuair a bhí an béile thart d'éirigh Máire agus thosuigh sí ag nigheachan na ngréithí agus thosuigh seisean ag congnamh léithe.

Thosuigh an mháthair ag cailleadh a céille nuair a chonnaic sí eiseann ag nigheachán na ngréithí. Ó nach ag múineadh do Mháire leis na soithigh a thriomú atá mé adeir sé ach níor innis sé dí gurb í Máire a bhí innte agus d'imtigh siad arís abhaile agus chuir Dia an t-adh uirthe chuile bhealach.

2/2/32

CÍOS NA SRÓINE.

An mhuintir a chuir na Flaitheartaigh ar gcúl, Iarlacha Clann Riocaird, bhíodh cíos dá bhaint amach aca agus mara mbeadh an cíos ag fear dóibh bhí an tsrón le baint de.

(Cíos a bhíodh ag na Loclannaigh ar Éireannaigh.)

Bhíodh Maoilre na mBeachann ag imteacht leis na lochanna agus níl aon áit a bhfághadh sé lorg madra uisge nach ndeanfadh sé poll ann agus bheadh an madra uiagre báidthe aige i gceann trí lá. Bhíodh an poll comhang in uachtar agus fairsing in íochtar. Ní raibh aon aithne ar bhéal an phoill ach oiread leis an gcuid eile den chasán. Bhíodh an sgraith leagtha ar an bpoll aige agus maide bradach faoi. Bhíodh an chréafóg caithte abfad ón bpoll aige.

Nuair a thigeadh an madra uisge ar an bpoinnte is a sheasad sé ar an sgraith bhí an maide

bradach imtighe síos agus an sgraith is an madra uisge ina dhiadh. Bhíodh uisge sa bpoll. Bhíodh an poll comhang ar uachtar agus fairsing ar íochtar agus ní bhíodh an madra uisge i ndon eirghe as.

SIONNACH AGUS OCHT GCINN DE GHIRRFHIADHACHA.

Bhí mé ag dul síos an bóthar maidin go moch agus chonnaic mé ocht gcinn de ghirrfhiadhacha ag dul aníos treasna an bhóthair. Bhíodar ag imteacht i ndiaidh a chéille agus bhí sionnach ina ndiaidh. Ní raibh deifir ar bith ortha agus ní raibh fonn ar an sionnach teannadh leob. Ní fhaca mé aon iongantas ariamh mar é creidim go raibh dúil ag an sionnach ionnta ach nach raibh sé i ndon teacht suas leob dá dtéigheadh siad ag coibhlint.

D'imtigh sé a lorg a raibh siad ag imteacht. Ní raibh na girrfhiadhacha ag coibhlint chor ae bith ach af boc léimnigh is macnas ortha mar a bheadh caoraigh ag imteacht, dimthigheadar as m'amharc.

SIONNACH AGUS GEABHAÍ AR LOCH.

Bhí géabhaí ar Chrompán ar Loch Sidhe Dubhach. Chonnaic sionnach amach uaidh iad agus ní raibh sé féin sé féin dhá fheiceáil acab. Bhain sé slám raithnigh agus chuir sé an slám amach ar an loch. Bhí sé ar thaobh na gaoithe díob, gaoith anoir a bhí ann. Thug an ghaoith an slám raithnigh chó fada leis na géabhaí agus níor chuireadar an tsuim ann.

Annsin bhain sé slám mór raithnighe agus chuir sé amach ar an loch é agus chuaidh sé féin amach ag smámh agus an raithneach dá chludach. Ní raibh aníos ach a smut agus bhí an smut clúdaithe ag an raithneach. Shíl sé go dtiocfadh sé suas leis na geabhaí mar sin , ach bhí sé ag cur bruth uaidh nuair a bhí sé ag smámh agus bhí fhios ag na géabhaí go raibh rud éicínt thar an raithneach ann d'éirigheadar ar eiltreog go dtáinig siad isteach san loch uilig. Níor éirigh leis an sionnach.

DOLÁIL AR LOCH NA SGAINIMH.

Chuala mé m'athair a ráidh go bhfaca sé mórsheisear fear ag doláil le eangach ar Oileán an Fhiadh i Loch Sgainimh. Go moch ar maidin chonnaic sé iad agus nuair a thugadh siad an eangach amach san uisge bhíodh triúr aca ag tarraingt na heangaighe. Dhéanadh siad fáinne agus thigheadh siad isteach arís.

Chuala mé an sgéal céadna ag seanbhean le goirid. Chonnaic mé an doláil dhá dhéanamh i n-abhainn un Gaillimhe agus neart bradáin dá marbú. Dubhairt an tseanbhean liom nach aon fhir shaoghalta a bhí ionnta. Bhfachtas dom athair go raibh na fir ag siubhal ar bharr an uisge.

TOMAS SHIÚNOC.

Sgríobhfaidh mé leitir faoi deinn Mr. Jeitments
le súil is go seasfadh fairplay dom
mé fhágáil sa mbaile go gcaithtí an t-Earrach
é féin agus Mr. O Leary
más sa teach fada tá súil acu mé fhágáil
ní measaim go dtatnigheann an sgéal liom
'S níl bean ar an mbaile nach ndéanfadh
mé a beathú mara ndeannainn ach seoladh na ngéabhaí.
Níl bean ar an mbaile dá dtiocfaidh mé isteach aice
nach n-eireochaidh is nach ndéanfaidh dom féasta
an t-im as an gcomhra ar an bhruithneog
dá róstadh a bhean a tighe bhfuil tú dá gleas dom.
Ná sparáil na fataí atá a lobha sa talamh,
tá an committee farsing i nÉirinn
siúd iad an steamers ag teacht is iad
líonta le brioscaí, min bhuidhe is le treacle.

Is maith mo character is é sgriobhta
ón sagart ag imteacht is ag cruinniú mo dhéirce
Mo speal, mo mhaide ar mo pháidrín mór
fada ar mo mhála a bhfuil trí slata déag ann
Deamhain pliobairc bacaigh dá dtiocfaidh i mo
bealach nach ngearrfaidh mé a phlatha má fhéadaim
Ach leagaim ar mh'fhalaing go mbeidh agam
action ag sugradh na gcailleach is dá dá bpleasgadh.
I mbárach an Domhnach is beidh mise is an
bás agus cuisne againn ag féachaint a chéile.
Beidh an Pápa as an Róimh ann is an
tEaspag as Tuaim is an sean-athair Peadar in éinfeacht.
Ó tá mo shaoghal caithte is gan goir agam seasamh
is gur imtigh na fataí as Éirinn.
Ach Dia atá is na Flathis ná leig mise
chun bealaigh go bhfágha mé mo sháth díobh i néinfeacht.

Tomás Shiúnach a rinne an t-amharan faoi'n droch-shaoghal bhíodh sé ag dul dhul thart ag súisteoracht ó theach go teach. Corr fhear a bhíodh ina shúisteoir fadó. Bhíodh Tomás Shiúnach ag súistéaracht a bhfad tar éis an droch-shaoghail. Bhí sé ag obair ag bean nach dtugadh a bhéile dhó go sásamhail. Rinne sé rann lá agus dubhairt leithe é.

A chóta beag bán aniar faoi do lár
Ba mhinic a bhasta sgaoilte
'S mara gcoinnighidh tú an súiste ag obair go teann
'S lag do chuid gráin san oidhche

Níl fhios agam nach domsa atá tú dá innseacht adeir sí le Tomás. Mara bfeilidh an caipín duit ná caith í adeir Tomás léithe. Thug sí neart le nithe annsin dó

DUBHDARACH Ó DOMHNAILL.

(Dubhdarach Sheáin Thaidhg).

Bhí sé i Muighros. Tá mac a mhic i gcomhnaidhe ann. Filidhe a bhí ann. Bhí fear ann Eoghan Ban Mhac Giobúin agus ní raibh sé i ndon slacht a chur ar rud ar bith. Dá leagadh sé bearna do bheithidheach ní raibh sé i ndon a thógáil arís. Rinne Dubhdarach Ó Domhnaill amharán faoi a moladh a stuaime agus gan stuaim ar bith ann.

Sé Eoghan Bán Mhac Giobúin a d'imtigh a' súl uainn
'S measaim gur iondamhail gan a theacht ann nios mó
An mhuinntir seo a dhul go Gaillimh níor éirigh leob tuairisg
Mar sé a chuirfheadh ruaig ar go leor den droch-dhream
Ghabh sé go Luimneach ag cuidiú le Sairseál
Nuair a loitigheadh a gharda sheas sé a chriú

Go raibh fré oscar amuigh ag Giumhais Trágha
In- achrann naoi lá agus bliain gan aon sgith
Ba tig liom aithris duit tuille dá tréathra
Dhéanadh sé an céachta is an cliabh mór fíon
Bhí déanamh na spealtacha is na nabhernis géara
Ráipéir gan bhréig agus rásúr béal mín
Iarann na longe go dtige na signplates
Sioseal gan bhréig agus glomairí lín
Bior agus briogún gléas róstaidh ar éanlaith
Agus fear é a raibh ann éirim ceanuis agus gníomh
Deanfaidh sé an jockreel an watch is an compás
An chart le bheith ar eolas don chaiptín a theacht siar
Na blocanna a stropáil, ar na hancarirí a thógáil
Cófhadairle chomhairfeadh nios comhairfeadh don ghrian

Ag déanamh na gcaranna ag deasú na gcóisdí
‘S jaunting car a ghabhfhadh da uair go Baile Áit Cliath
Gléas gabhtha ar sgadáin ar bhradáin is a mhór bhric
Cochaillt is trólanna a marbhóchadh gach iasg
Deanfadh sé an ciseán an ciseog an lód dúinn
Agus deanfad sé an chomhra is an drisiúr mas fíor
Deanamh na gcounters is na bpreasanna ar foghnamh
An ciléar a dfhóifeadh an lorath ia an mhais
Dhéanfadh sé an cóta rubber as an gúna
‘S dhéanfadh sé an cóta a mhairfeadh céad bliain
Bhí dheanamh an chup ann a’r laradh na bróige
Agus chuile shórt stuaime dhá raibh ag fear ariamh

Ba gabha a dhéanfadh inneoin é láidhe agus sluasad
Casúr a's an ord mór agus rivet sé an cam
An tancaire, an stocún, gudgeon a's gúisneach
Miosúir agus munlaí meannaidhe agus salm.

Gúisneach gúisnic = gléas ag bun an chrainn leis an loom a choinneál
Stocún = Iarann treasna ar an ancaire.
Guidsiún = Rud mar chuirfeá staple i ndoras.

AN BHEAN AR BAINEADH NA LAMHA DÍ.

Dreatháir is dreithiúir a bhí ann bhí siad saidhbhir. Phós an dreatháir annsin bean. Nuair a bhí sé pósta bhí an oiread cion aige ar an dreithiúr is bhí ariamh. Bhíodh sé ag fiadhach agus thugadh é leis í chuile lá ag fiadhach is a' fian sgaradh. Ní fhágfadh sé istigh leis an mbean chor ar bith í. Nuair a bhí suim aimsire caithte aige ar an mbealach sin dubhairt an bhean go mba cheart an dreithiúr a fhágáil istigh i néinfeacht léithe fein lá éicint.

Dubhairt seisean dá mbeadh fhios am gur le suim innte atá tú dhá hiarraidh d'fágfainn ach dá mbeadh fhios agam gur ar a mhaluirt atá tú dhá dhá hiarraidh ní fhágfainn.

Nach bhfuil a fhios agat go maith go bhfuil an oiread cion a'm-sa dí is atá

a’d féin adeir sí.

D’imtigh leis annsin agus d’fhága sé i néanfeacht leithe lá ar n-a bhárach í. Nuair a bhí an fear imtighe ghléas an bhean béile breagh dí féin agus do dhreithúir a fir agus leag sí anuas ar an mbord aca é. Nuair a bhí an béile ithte annsin acab chuaidh an bhean suas agus thug sí anuas leabhar agus chuir sí iallach ar an drethiúr mionnú ar an leabhar rud ar bith dá bhfeicfadh si í fhéin a dhéanamh nach ninnseochadh sí d’aon duine de bhaiste na hEaglaise é.

B’éigin do’n dreithiúir mionnú. Nuair a bhí sí mionnuighthe chuaidh an bhean agus thug sí leithe splanc sa tlú agus thug sí téine dá raibh san iothlainn. Nuair a tháinig an fear abhaile san oidhche chonnaic sé an iolainn dóighte.

“Cé dhógh an iothlainn?” adeir sé.

“Cé dhóghfad í ach do dhreithiúr?” adeir an bhean.

“Dá n-éistheá le mo dhreithiúir agus í a fhágáil i néinfeacht liom féin ní dgeanfhadh sí tada,” adeir sé.

D’arduigh sé leis an dreithiúir annsin arís agus bhí sé ag dul amach ag fiadhach leis go raibh sé suas le mí beagnach gur thosuigh an bhean a rádh arís í a fhágáil istigh.

D’fhága sé annsin i néinfeacht léithe lá í. Nuair a bhí seisean imtighte annsin chuaidh an bhean agus ghléas sí dinnear breagh dí fhéin agus do’n dreithiúr. Nuair a bhí an dinnéar caithte chuaidh an bhean suas agus thug sí anuas leabhar agus chuir sí iallach ar an dreithiúir mionnú ar an leabhar rud ar bith dá bhfeiceadh sí í féin a dheanamh nach n-innscócadh sí do dhuine ar bith de bhaiste na hEaglaise é.

Mhionnuigh an dreitiúr ar an leabhar nach ninnscoadh sí do dhuine ar bith de bhaiste na hEaglaise rud ar bith a d'fheiceadh sí í a dhéanamh.

Thug an bhean léithe a cuid teine agus chuaidh sí amach agus las sí an sgioból. Nuair a tháinig an fear abhaile san oidhche chonnaic sé an sgioból agus é dóighte.

Cé las an sgiobol.

Cé lasfadh é ach do dhreithiúir.

Dá bhfagthá mo dhreithiúir i néinfheacht liomsa ní dheanfhadh sí tada.

Dimtigh leis. Thug sé leis an dreithiúir ag fiadhach is ag fian sgaradh arís bhí sé dá tabhairt leis chuile lá suim mhór aimsire gur thosuigh an bhean ag clamhsán faoi nár fhag sé aice féin í agus d'fhága.

Nuair a d'imtigh an fear amach ghléas an bhean béile breagh dí féin agus don dreithiúir. Nuair a bhí a ndóthain ithte agus ólta aca chuaidh an bhean suas agus thug sí anuas

leabhar agus chuir sí iallach ar an dreithiúir rud a bith dá bhfeiceadh sí dá dhéanamh aice féin gan é innsheacht do dhuine dhe bhaiste na hEaglaise. B'éigean don dreithiúir mionnú dí.

Chuaidh sí amach annsin. Bhí crann soilsa ann a bhíodh a tabhairt soluis san oidhche don fhear nuair a bhíodh sé ag teacht chun an tighe. Dhóg sí an crann soilse.

Nuair a bhí sé ag tigheacht abhaile ní raibh aon chrann soilse le feiceail aige béigean dó thigheacht sa dorchadas. Nuair a tháinig sé isteach cé dhógh mo crann soilse? adeir sé.

Cé dhóghfadh é ach do dhreithiúir, a dhógh chuile rud adeir an bhean.

Muise ní dhóighfaidh mo dhreithiúir aon bhlas orm-sa aríst choithe ach ar feadh mise éiriú i mbárach," adeir sé.

Dimtigh leis agus nuair a déirigh sé i mbáireach thug sé an dreithiúir leis agus

thug sé sgothamh maith ó bhaile í agus thug sé isteach i gcoill í. Nuair a thug sé isteach sa gcoill í rug sé uirthi agus cheangail sé de chrann í. Nuair a bhí sí ceangailte den chrann annsin thug sé amach a sgian bhain sé an dá láimh i dtosach dí agus nuair a bhí an dá láimh bainnte dí bhain sé an dá chích aiste. Thug sé leis an dá laimh annsin agus an dá chich agus rinne sé poll sa talamh dóib agus chuir sé síos sa bpoll iad. Nuair a bhí sé ag clúdach ortha annsin leagadh é agus chuaidh dealg ina ghlúin. Thosuigh sé dá baint as a ghlúin agus chinn sé.

Muise adeir an dreithiúir a bhí crochta ar an gcrann agus a cuid fola a tigheacht nár fhagadh an dealg sin do ghlúin go dtarraingidh an dá láimh atá tú tar éis a chur sa talamh aiste í.

Dimtigh leis annsin agus chuaidh sé abhaile agus dfhága sé annsin crochta ar an

gcrann í.

Bhíodh gaidhrín aice-se a bhíodh i gcomhnaidhe ar a hucht aice. Tháinig an gaidhrín có fada léithe sa gcoill agus dhaithin sé í. Chuaidh sé ina hucht suas agus ligh a cuid critheacha (luit) agus stop sé an fhuil. Bhí teach duine uasal i ngar don choill agus fuair sé giota aráin ann agus thug sé leis an giota arain agus chonnaigh sé le na béal é gur ith sí é. Feoil ná rud ar bith a dhfhaghadh an gaidirín bhí sé dá coinneál léithe ar feadh seachtaine agus chonnigh sé beo í.

Bhí mac ag an duine uasal a raibh an teach i naice na coille aige agus bhí an gaidhrín dhá fheiceáil ag tigheacht go dtí an teach chuile lá aige.

Dá leanainn an gaidhrín sin adeir sé bhfeidir go bhfuighinn amach cé leis é.

Lean mac an duine uasal an gaidhrín agus nuair a tháinig sé có fada leis an mbean a bhí crochta ar an gcrann sa gcoill ní dhearna

sé rud ar bith ach filliúnt abhaile agus luidhe ar a leabaidh.

Chuaidh a mháthair có fada leis agus dfhiafruigh sé dhe céard a bhí air.

An bás atá i ndan dom, adeir sé muna dtugann sibh cead dom bean gan cíoch gan lámh a phósadh.

Is ionann é sin agus an bás adeir sí, ach gur fearr rud ar bith ná an bás.

Bhí an t-athair ag éisteact agus dubhairt sé leis í thabhairt leis agus í phósadh.

Chuaidh sé annsin agus thug sé leis í gur phós sé í. Nuair a bhí sí pósta annsin aige ní raibh sí i ndon aon bhlas ithe gan a choinneailt léithe. Bhíodh an mháthair ag coinneáil bidh léithe agus eisean nuair bhíodh sé istigh. Bhí clann aice nuair bhí siad suas le bliain pósta beirt mhac. Bhí níos mó le déanamh annsin acab sg tabhairt aire do na naoidheanáin agus ag tabhairt aire dí se a bhí có dona leis na naoideanáin.

Nuair a bhí na paistí i ngar do bheith bliain b'éigin do dul go dtí an Fhrainc agus ní raibh sé i ndon teacht ní ba tobaine ná trí bliana as.

Dimtigh leis agus chuaidh sé don Fhrainc agus bhíodh sé ag cur litreacha chuici ag fiafruighe cé'n chaoi a raibh sí féin agus na páistí. Aon oidhche amháin annsin bhí buachaill an phosta a fanacht i dteach dreathár na mna. Chuaish bean an dreathára ag cuartú ins na litreacha a bhí ag buachaill an phosta go bhfuair sí an litir a bhí ag dul amach don bhFrainc gur fhosgail sí an litir gur léigh í. An litir a bhí a dul bhí sí sgríobtha le feabhas a rádh go raibh an bheirt pháistí agus an mháthair go maith. Dhógh sise an litir agus sgríobh sí féin litir eile a rádh gurb é an obair a bhí ar siubhal ag márhair na bpáistí a dhul amach ins an oidhche i droch comhluadar tar éis an chaoi a bhí uirthi.

Chuir sí an litir chun bealaigh.

Nuair a léigh seisean an litir sgríobh sé féin annsin arís a rádh nach raibh aon leithsgéal ar bith acab gan í a coinneailt istigh agus aire mhaith a thabhairt do na páostí go dtigeadh sé féin abhaile.

Bhí buachaill an phosta a fanacht an oidhche i dteach an dreathara i gcomhnaidhe. Bhí an bhean ag cuartú na litreacha agus fuair sí an litir seo ón bfear a bhí sa bhFrainc gur léigh sí í. Dhógh sí an litir agus sgríobh sí féin litir eile mar dheadh is gurb é an fearsa bhFrainc a sgríobh í a rádh an mháthair is na páistí a dhógh is a bhriuth agus mara ndóghadh agus mara mbruitheadh siad iad go ndóghfadh is go mbruith sé féin iad nuair a thiocfadh sé abhaile. Sgríobh sise na litreacha dona anonn is anall.

Nuair a léigh an mháthair an fhis an litir thosuigh sí ag caoineachán. Nuair a chonnaic an t-athair ag caoineachán í léigh sé féin

an leitir. Thosuigh an bheirt annsin ag caoineachán.

D'fhiafruigh máthair na bpáisti annsin orthab an rud ar bith a d'éirigh don mhac, dubhairt siad narbh eadh.

Tá ughdar caoineacháin eicínt agaí(bh) nach maith libh innseacht dom, cuir an litir i m aghaidh féin go léighid mé í.

Léigh sí an litir.

Ó níl fhios a'm cérd tá ag tigheacht air agus a leithid sin a sgríobh adeir sí.

Dubhairt sí go nimtheochadh sí léithi , go gceanglochadh sí na páistí ar a druim. Siubhalfaidh mé liom adeir sí ní choinneochaidh teach ar bith amach mé adeir sí.

Rinne máthair an fhir dhá phóca dí agus chuir sí póca ar chaon taobh dí agus líon sí póca aca le airgead glas agus an póca eile le ginidheacha.

Féadfaidh tú a rádh le bean ar bith a bhéas go maith leat a lámh a chur san airgead glas agus slam a thabhairt léithe

agus a rádh le fear an tighe láimh a chur san airgead buidhe agus slám a thabhairt leis. Shocruigh sí an bheirt páistí suas ar a droim agus d'imtigh siad amach as an teach ag imteacht rómpa.

Bhí siad ag imteacht rompa annsin go dtáinig siad isteach i dteach le tuitim na hoidhche. Ní raibh mórán gaisge leis an teach ach chuir siad caoi ortha có maith agus dhféad siad a dheanamh dhí. Ní raibh siad i ndon a thabhairt dí mar chleacht sí.

D'imtigh léithi annsin aríst an lá ar na bharach go dtáinig sí isteach i dteach mór. Bhí fearadh na fáilte ag muinntir an tighe roimpí agus truaigh. Shílfeá gur ag tigheacht le rud maith cucab bhí sí bhí an oiread sin failte acab roimpí. Bhí fear an tighe agus bean an tighe go maith dí agus do na páistí. Níor mhaith le bean an tighe tada a dhéanamh ach a freastal orthab le

truaigh is cás. Is gearr annsin nuair a bhí a sgeal ar fad innsuighe aice go ndubhairt sí go mbeadh sí ag imteacht.

Ná bac anois adeir an fear go mbeidh tú i bhfuisgeach cúpla lá don fhear a theacht abhaile ní bheidh tuirse ar bith againn-ne leat. Bhféidir nac gcasthaí i náit mhaith go héasgaidh thú.

D'fhan sí annsin go raibh sí i bhfoisgeacht ráithe don fhear a bheith sa mbaile.

Tá mé ró-ghar dhó annseo adeir sí gheobhfaidh sé amach mé agus marbhochaidh sé mé. Caithfidh mé bheith ag imteacht as seo.

Ceangluigheadh suas na paistí uirthi lá ar n-a bhárach agus d'imtigh sí léithe agus bhí sí ag siubhal léithe agus ní mórán achair go dtáinig sí sruthán mar a bheadh sruthan idir dhá loch nach mbeadh sruth ar bith ann ach ina linn mharbh. Ní raibh sí i ndon dhul amach agus bhí ag siubhal leis an sruthán go bhfághadh sí áit cumhang a bhféadfadh sí

a dhul do léim treasna ann.

Nuair a d'árduigh sí an chos thuit ceann de na páistí san uisge agus níor fhéad sí a thógail. Bhí sí gan lámh.

Tóg an páiste sin dfhógair sgológ a bhí ar an thaobh thall.

Ní fhéadaim adeir sí níl aon lámh orm

Triáil air adeir sé.

Chrom sí síos agus tháinig an lámh is breaghte a chonnaic tú ariamh uirthi agus thóig sí an páiste as an uisge. Ní raibh ann ach go raibh an páiste ina lámh aice nuair a thuit an páiste eile uaithe.

Tóig an páiste sin go beo adeir an sgolog.

Caithfidh mé é seo a leagan uaim adeir sí.

Ní raibh lámh ar bith ort cheanna adeir sé crom anuas agus triáil leis.

Chrom sí anuas agus tháinig lámh eile uirthi. Tháinig an dá lámh ba bhreaghthte uirthi. Ní raibh siad orlach ní ba dona ná an dá láimh a bhí i dtosach uirthi míle buidheachas

agus altú lé Dia. Thóig sí an dara páiste agus chuaidh sí anonn leis an dá pháiste don áit a raibh an sgólóg. Thosuigh ceann de na paistí ag caoineadh.

Tabhair cíoch don pháiste sin adeir an sgológ.

Níl aon chíoch agam adeir sí.

Ní raibh aon lámh agat ar ball adeir sé cuartaigh.

Chuartaigh sí agus tharraing sí amach an chíoch agus í ag tál bhainne agus thug sí an chíoch don pháiste nár ól aon chíoch ariamh.

Ansoin thosuigh an páiste eile ag caoineadh.

Tabhair cíoch dó sin adeir an sgológ.

Fanfaidh mé go mbeidh an ceann seo réidh adeir sí. Níl ach aon chíoch amhain agam adeir sí.

Ní raibh cíoch ná lámh ort ar ball adeir an sgológ. Cuartaigh agus tabhair cíoch dó féin.

Chuartaigh sí agus fuair sí cíoch chó breagh is bhí an chéad chíoch. Bhí an dá

111 verso

D’innish sé di gurbh í bean a dreathára a sgríobh an droch litir amach go dtí n-a fear agus nárbh é a sgríobh an droch litir a tháinig abhaile i na ainim seisean a’ rádh í féin agus na páistí a bhruth is ndógha ach bean an dreathára.

agus féadfaidh tú do sgéal ar fad a innseacht do na páistí nuair a bhéas tú ag teach do drearhára mar níl na páistí baistighthe.

maicín a' diúl annsin agus nuair a bhí siad réidh thosuigh an sgológ ag inseacht dí.

An bhfuil fhios agat cé hé mise adeir sé.

Níl adeir sí.

Is teachtaireacht ó Dhia mise adeir sé níl na páistí sin baistighthe agat adeir sé.

"Níl" adeir sí.

Beidh na páistí i ndon cainnt nuair a dheanamh nuair a thiocfas a n-athair abhaile adeir sé. Feadfaidh thú a dhul chó fada le do dhreatháir anois. An dealg a bhí ina ghlúin tá sé fásta ina chrann amach tríd an gcúirt agus tá sé ina leabaidh agus an crann fásta ar an nglúin amach tríd mhullach an tighe chó mór le crann coille ar bith. Seo biorán buidhe duit. Níl ort ach an biorán a leagan ar bhun an chrann agus tuitfidh sé amach tríd mhullach an tighe. Cuimil an biorán den ghlúin san áit a raibh an crann a' fás agus ní bheidh aon aithne air go raibh dealg ná crann ariamh ann. Is gearr go dtigidh d'fhear anois

tá teachaín beag annsin thall," adeir sé agus spáin sé an teachín dí. Gheithfidh tú cuile rud a theastóchas uait. Fanfaidh tú ann go dteaga t'fhear. Nuair a bhías t'fhear ag tigheacht feicfidh tú tigheacht é ní dhéanfaidh sé blas ort." Féadfaidh tú na páistí a chur amach le fáilte a chur roimhe. Gabhfaidh tú féin i bhfolach agus déarfaidh tú le gach aon duine acab fáiltiú roimh a ndeaid.

Dimtigh léithe agus chuaidh sí san teachín agus bhí chuile rud ann a d'fheilfeadh do bhean uasal nó dfhear uasal agus chaith sí ann go bhfaca sí fear ag tigheacht. Ghabh sí isteach nuair a chinnaic sí é.

Tá bhur n-athair ag tigheacht anois adeir sí leis na páistí agus gabhfaidh mise i bhfolach.

Gabhfaidh sibse amach agus abróchaidh an chéad duine agaí(bh)"fáilte rómhat a dheaid"

agus fiafróchaidh sé díbh cé dínnis díb é. Déarfaidh sibsa a (ar) mama.

Fiafrochaidh seisean “cá bhfuil sí.”

Déarfaidh sib-se “i bhfolach”

Cé air? Ort-sa

Fhiarfrochaidh seisean “cé’n t-ughdar”

Déarfaidh sib-se “ faitchios go marbhóchthá í.”

Nuair a tháinig sé annsin rith na paistí amach roimhe.

Céad fáilte romhat a dheaid adeir an chéad cheann acab.

Go mairidh tú adeir sé.

Céad fáilte rómhat a dheaid adeir an dara páiste.

Go mairidh tú adeir sé. Cé d’innis díb é.

Mo mhama.

Cá bhfuil do mhama?

I bhfolach.

Cé air?

Ort-sa.

Cen t-ughdar?

Faitchíos go marbhóchá í.

Muise ní mharbhóchaidh mise í adeir sé. Chuaidh sé isteach agus bhí sise eirghe anuas aige agus rug sí ar bharr láimhe air agus bhí fáilte aice roimhe agus ar ndóigh bhí fáilte aige san roimpí. Nuair chonnaic sé an chaoi a bhí uirthi ina bean bhreágh chomh breagh is bhí sí ariamh.

Ní mórán achair a bhí siad a dhul abhaile. Nuair a tháinig siad isteach ag an athair is ag an máthair bhí luthgháir ortha sin rómpa agus bród.

Nuair a bhí siad cúpla lá sa mbaile dubhairt an bhean go ngabhfadh sí chó fada le teach an dreathára. Ghabh sí annsin chó fada leis agus thug sí na paistí léithe. Nuair a tháinig sí isteach ní dhearna sí ach siubhal suas go barr an tighe san áit a raibh an dreatháir.

Cén chaoi sin ort? Adeir sí.

Tá caoi an léin is an deacair orm adeir sé agus an chaoi a thuar mé dom féin.

Níl dochar anusin anois adeir sí.

Thug sí amach an biorán buidhe leag sí ar bhun an chrainn é agus thuit an crán amach tríd mullach a' tighe agus ní facthas níos mó é. Chuimil sé an biorán san ghlúin agus déirigh an dreatháir suas có breagh is bhí sé ariamh. Ghléasadh dinnéar mór dí fhéin agus dá fear. Nuair a bhí an dinnéar ithte acab chuir sí duine den chlann ar chaon ghlúin leithe. Bhí sí innstigte dóibh céird dearfadh siad.

Anois adeir sí cé dhogh an ioclainn.

M'anam a mham, adeir a duine acab nach tusa a dhogh í.

M'anam, a mham, adeir an páiste eile nach tusa dhógh í ach bean m'oncail a dhógh í.

Cé dhogh an sgioból?

M’anam nach tusa a dhógh é ach bean m’oncail.

M’anam nach a dhógh é ach bean m’oncail a dhógh é.

Cé dhógh an crann soilse.

M’anam nach tusa a dhógh é a mham ach bean m’oncail a dhógh é.

Ní dhóghfaidh sí aon bhlas eile choidthe agus dórdaigh sé teine mhór a dhéanamh gur dhógh sé í le faithchíos go ndéanfadh sí aon dochar eile arís go bráth leis an méid a bhí déanta aice. Dhógh sé í.

Thug sé spré mór don dreithiúir.

Chuaidh sise agus a fear a bhaile agus bhaist siad na páistí nuair a bhí an sgéal innstithe acab.

Níor bhac an t-oncail le aon bhean arís go bráth.

1/3/1932.

Lá cúirte Chárna. Bhí Micilín rómham roimh an gcúirt. Ní raibh mórán cúiseanna le néisteach. Lá breagh, gaoth anoir agus fonn sgealaidheachta ar Mhicilín.

GRÉASAIDHE NA SGILLING.

Níl i ngréasaidhe na sgilling ach ruidín beag bídeach fear beag dá dá mbeadh sé sa bhfraoch ní bheadh sé chó hárd leis an bhfraoch. Bíonn spaga faoi na mhuineálagus má bheireann tú air níl le déanamh agat ach an spaga a bhaint dhe. Níl sé ag dul a deanamh blas ar bith ort is iomadh duine a bhain de an spaga agus ní dhearna sé aon dochar dó. Níl aon am dá mbreathnóchaidh tú sa spaga nach mbeidh sgilling ann.

1/3/'32

CAB A'DOSAIN

Badh é cab a dosáin a mharbhuigh na Fiannaibh i gcath na bouann.

TRÍ THOBAR NA RÓMHA

Nuair a baineadh an cloigeann de Peadar is de Phól sa Róimh thug cloigeann Phóil trí léim agus tháinig trí thobar fíor uisge as cion áit dár thuirling an cloigeann.

1/3/1932.

AN ÁIRC.

Tá sí fós chó maith is bhí sí ariamh. Tá sí ar Cnoc Shliabh Sídheóin. Tá áill fuithe agus níl aon ghreim aice ar an aill ach trí nó ceathar de thrioghe agus í sínnte amach os cionn an ghleanna agus míobhúilte Dé dhá coinneál ann agus gan lobhagh dá dhéanamh ó shoin

1/3/1932

AN CHÉAD MHEISGE ARIAMH.

Seacht mbliana a chaith Nóá a déanamh na nÁirce bhí sé dá déanamh i dtosach agus gan fios ag duine ar bith air. Tháinig an t-áibheiseoir chuig an mbean. Bhí collach ar an tsráid agus cubhar leis. Dubhairt sé léithe cuid den chubhar a chur ar an ól do Nóá

Chuir sí an cubhar ar an ól agus chuir an t-ól ar meisge é. Nuair bhí sé ar meisge d'innis sé dí go raibh soitheach dá dheanamh aige le haghaidh cúpla do chuile shórt a chuir innte agus nach raibh aon duine le dhul innte ach é féin is a bhean is a gclann. Sin é an chéad mheisge tháinig ar aon fhear. Bhíodh an t-ól ann i gcomhnuidhe ach ní raibh aon dochar ann gur chuir bean Nóá cubhar an chollaigh air. Bhí gabhail a dul ní ba mó air.

Nuair a chuaidh sé amach an lár na bhárach agus gur bhuail sé an chéad bhuille cloiseadh an buille ar fud an domhain agus níl aon bhuille eile dár bhuail sé nár cloiseadh ar fud an domhain go raibh an Áirc críochnuidhe. Séard deireadh an buille a Thighearna, déan trócaire

1/3/1932.

AN DÁ AINGEAL DÉAG.

Bhí an Mhaighdean Mhuire a dul thart agus a Mac i néindigh leithe. Ní raibh sé ach ina pháiste agus casadh bean dí a raibh buaile mór beithidheach aice agus í dá mbleagan. D'iarr an Mhaighdean Mhuire deoch uirthi. Dubhairt an bhean nach dtiúbhradh. D'imtigh an mhaighdean Mhuire uaithe annsin.

Cérd a dhéanfas tú leis an mbean sin? adeir sí le n-a mac.

Beidh a sheacht n-oiread faoi cheann bliana aice is atá anois aice adeir sé.

Is gearr a bhí siubhalta aice nuair a casadh bean eile agus ní raibh aice ach aon bhó amháin agus bhí sí dá bleaghan.

D'iarr an Mhaighdean Mhuire deoch uirthi.

Muise tiubhradh, adeir sí. Thug sí deoch don Mhaighdean Mhuire agus ní raibh sásamh ar bith aice nuair nach n-ólfadh sí bainne na bó uilig.

Nuair a d'innis siad ón mbean sin d'iarr an Mhaighdean Mhuire ar a mac céard a dhéanfadh sé leis an mbean sin.

Beidh an bhó sin cáillte i mbárach uirthi adeir sé.

Nach aisteach an rud é sin a Mhic adeir sí an bhean a raibh go leor aice nár thug deoch dúinn go mbéidh a sheacht n-oiread aice agus an bhean nach bhfuil ach aon bhó amhain aice nach mbeidh bó ar bith.

Sin é an mead a béas aice adeir sé agus beidh na Flathais ag an mbean eile a thug na Flathais duit-sa.

Bhíodar ag siubhal annsin go dtáinig siad isteach i dteach a raibh bean ann agus páiste sa gcliabhan. D'fhan an Mhaighdean Mhuire tamall sa teach agus nuair a bhí sí ag imteacht shiubhail an bhean amach léithe agu chuaidh sí míle bealaigh leob leis an gcion a bhí aice do mhac Dé. Bhí cion istigh ina croidhe aice dó. Bhí sí cáillte le próinn ann. Nuair a d'imtigh an bhean uathab dfiaruigh an Mhaighdean Mhuire dá mac

Céard a dhéanfas tú leis an mbean sin a d'fhag an páiste agus a shiubhail an méid sin linn?

Beidh an páiste ina luathramhán róimpe nuair a ghabhfas sí abhaile adeir sé.

Níl aon dochar ann adeir sé tiocfaidh dá aingeal déag ón bpáiste sin adeir sé agus beidh sé féin ina aingeal is a mháthair.

Nuair a tháinig an bhean isteach bhí an páste ina luathreamhan roimpe. Ní raibh fágtha ach na cnáimhíní. Phioc sí isteach i máilín iad le cionn ortha. Dimtigh an bhean ón teach annsin agus thug sí an máilín léithe. Rinne na cmáimhíni luathreamhain sa máilín. Bhí sí ag siubhal róimpe go dtáinig sí isteach i dteach a raibh dá bhean déag ionann is mar a bheadh mná rialta ann a déanamh a n-anama. Daoine diadhanta a bhí ionntab. Dfan sí i néinfeacht leob. Bhíodh sí ag dul go dtí an máilín chuile mhaidin agus bhaineadh sí an ruadhóg dhe ag breathnú isteach ann.

Chonaic duine de na mná í agus thug sí an máilín léithe. Nuair a chonnaic sí céard a bhí ann thug sí go dtí an chuid eile é. Nuair a chonnaic siad céard

a bhí ann chuir chuile bhean mear síos sa máilín agus bhlass siad de. Faoi cheann trí ráithe bhí mac ag chaon duine acab,dá mhac déag. Nuair a baistefadh iad agus bhí siad ceart caillfhadh iad agus d'imtigh siad do na Flathais.

Bean de Cloinn Mac Confhaola a dinnis dom ansgéal. Bhí sí i Ruisín na mBan(th)Aoidhach.

1/3/1932.

Bainidhe an t-ainm ceart ar figheadóir. Fadó ní raibh i Ruisin na mBan Aoidhchach ach figheadóir. As a bfigheadoir a baisteadh é. Baineadh móin chuile áit ariamh i Ruisín na mBan Aoidheach. Is iomadh sin teach moir ann. Bhí a chúig oiread daoine ann le mo chuimhne an múrlach taobh thiar de theach na mban rialta bhí sé ina mhóin uilig bhíodh bádóirí ag teacht as Gaillimh ag ceannacht móna ann. Tigeadh sé isteach ar an taoille bhí cuisle domhain aníos ann. Nuair a bhíodh an bád feistighthe ag fear na Gaillimhe thrághadh an taoille agus nuair a dfeiceadh sé an múrlach síos uaidh agus é faoi carraigreacha agus alltreacha móra thosuigheadh sé ag caoineachán ag ceapadh nach bhfagfadh sé go bráth an ait, nach dtiocadh taoille arís ann.

MÓIN IS FEAMAINN.

Bhí an mhóin domhain i Ruisín na mBan Aoidheach. Ní raibh aon bhaile sa tír is mó a raibh móin ann ná é. Is gearr a bhéas móin anois ann tá sí bainnte. Shílfeá gur beag an aois atá agam agus chonnaic mé creathrach ar an mbaile agus bheadh sé ag craithadh fút nuair a shiubhalthá amach air agus pilibíní ag eirigh as a gcuid neadreacha agus tá sé bainnte anois ina mhóin agus bóthar déanta amach ann. Bhí teacht isteach isteach ag na daoine agus neart airgid an fhad is bhí an móin acab.

Bhídís ag cur na feamainne duibhe go Cinn Mhara. Ní chuiridís ar na fataí fadó í ag ceapadh go labhfadh sí iad, ach a baint cabhairligh agus dá chur ortha. Bhíodh an fheamainn dubh dá cur i mbáid mhóra go Cinn Mhara agus don Chorrainn taobh amuich de ÁrdTamhnach (Ceannua Tamhnaí). Tá Árdfraoch istigh ó thuaidh den Chorrainn.

(11.45 san oidhche) 1/3/1932.

AN FEAR A GHEARR CÁBLA.

8/3/32.

Seán Shéamuis a bhí air de Chlann ac Dhonnchadha. Soitheach Revenue a tháinig i gcuan na hÁirde. Tá poll ancaire isteach ó Bhealach na Shraitha idir Oileán Máisiúin agus Muighinis. Tháinig an cutter seo isteach agus bhí criú uirthi le dhul ag tóroidheacht poitín lárna bháireach.

Bhí Seám Shéamuis ina chomhnaidhe i Muigh Inis é féin triúr dreathar, Giolla, Ciarbhán agus Séamus Óg. Nuair a tháinig an oidhche chuaidh Séán Shéamuis amach a snámh go dtí an cutter agus bhí sgian mhaith aige. Ghearr sé an cabla agus níor airigh an muinntir a bhí sa soitheach dhá gearradh í. Nuair a bhí an cábla gearrtha aige tháinig sé isteach slán.

Ní raibh aon choinneál ar an soitheachnar bhí an cábla gearrtha agus d'imtigh sí le gaoith go dtáinig sí ar charraig i Muigh Inis. Nuair a tháinig taoille fúthe arís shnámh sí.

SÉAMUS GHIOLLA AGUS BOB GHIOLLA.

Giolla Mac Dhonnachadha dreatháir do Sheán Shéamuis a a ghearr an cábla, tháinig sé go Ruisín na mBan Aoidheach agus chuir sé faoi ann. Phós Giolla Bairbre Nic Chonfaola bhí seanchus agus sgéalta aice seo. Ní raibh seanchaidhe sa tír ab fhearr ná í. Bhí sé tughta suas dí nach raibh seanchus sa tír le trí chéad bliain nach raibh aice. Chuala mé féin í. Sí a d'innis dom cé mharbuigh Tadhg na Buile agus faoi'n bhfear a bhí ar Oileán a Bhalla ar Loch na Scainimh. Is uaithe seo a thóg mo mháthair cuid de na sgéalta a bhí aice féin. Bairbre Ghiolla a bhí uirthi.

Tá cnocáinín Bhairbre Ghiolla ar an áit a raibh a teach i naice an mhúrlaigh, bhí an teach ar an taobh ó dheas den bhóthar ar an taobh thoir de theach na mná rialta. Bhí clann aca triúr mac agus ingean. Feichín Giolla, Máirtín Ghiolla, Séamus Ghiolla agus Bob Ghiolla (an ingean) dfhan Séamus Ghiolla agus an dreithiúir sa mbaile.

Bhí an fear a bhí ina thighearna talamh ar Ruisín na mBan Aoidheach bhí sé ina chomhnaidhe san Lodge ar an taobh thiar de theach na mban-rialta. Bhí sé ina Thighearna ar Shéamus Ghiolla. Coirnéal

airm a bhí ann Coirnéal Forbes. Ní raibh sé féin ná Séamus Ghiolla ag tarraingt le chéile. Bhí sé le Séamus a chuir as an ait. Rinne Bob an dreathúir rinne sí culaidh de sheol baid do Shéamus cukaidh de sheol dubh chuir sí ríbíní geala air agus adharca reithe ar a cheann. Bhí an-chóir ar a cloigeann aice. Ghléas Séamus é féin ina chulaidh gaisge agus tháinig sé go dtí an Lodge san oidhche.

Ghabh sé isteach agus ghabh sé suas an staidhre san áit a raibh an Coirnéal ina leabh. Bhí cloch ghlas ag Séamus agus bhuail sé an Coirnéal den chloch agus is beag nár mharbuigh sé. An bhean aimsire chual sí an Coirnéal a béiceadh agus chuaidh sí suas. Shíl Séamus gio raibh an Coirnéal marbh aige agus ghabh sé amach tríd an fhuinneog. Bhain sé de an chulaidh bréige agus na hadharca agus chuir sé faoi bhéal leice ar an gcladach iad agus ghabh sé abhaile. Gabhadh é an lár n-a bhárach. Cúisigheadh é agus thug an Coirnéal fiadhnaise ina aghaidh.

Dubhairt an Coirnéal leis an mbreithimh gan mórán príosúntach a chur air ach chuir sé seacht mbliana ar Shéamus. Ní chuala mé go dtáinig sé abhaile ariamh ina dhiadh sin. San am céadna cuireadh stábla leis an gCoirnéal tré theine agus mionnuigheadh ar Bhob gurb í a rinne é. Cúisigheadh í agus tugadh cúig bliana dí. Tháinig sise abhaile. Tá sí le le cúig bliana déag is fiche i mBéal Áth na Sluaighadh cailleadh í coigcís ó shoinn. Bhí sí ina bean mhaith oibre i mBéal Átha na Sluaigheadh ag cur caoi ar éadaigh bhí sí stuamadha.

8/3/32

Coirnéal Forbes ní raibh fear ar bith a bhfearr ná é dá mbeadh aon chomhairle a dhul air. Ba Caitiliceach a mháthair agus ba Caitiliceach é féin is a dhrearháir an Major. D'fág an Cornéal an dúthaigh ag an Major, dfág an Major ag na Mná Rialta é. Sé an fáth ar fhágadar an dúthaigh ag na Mná Rialta ar fhaitchios go mbeadh creideamh gallda dá thabhairt isteach i Ruisín na mBan Aoidheach.

CARRAIG THÉAGAIR I RUISÍN A' BHOLGÁIN.

Ba dreathair nó oncail do Bairbre Ghiolla Téagar. Bhí sé ina chomhnaidhe i Ruisín a' Bholgáin. Is as a baisteadh carraig Théagair. Tá sí i mbéal an mhúrlaigh i Ruisín a' Bhulgáin. De Chlann Mhac Confhaola tángas.

Bhí dreatháir ag Téagar a raibh Duine Uasal air agus bhí mac ag an Duine Uasal a raibh Bartly Uasail air. Bhí ingean Bartly Uasail pósta ag Tóna (Anthony) Mhac Dhonnchadha. Bhí Tóna síos is suas le muinntir an tighe aoidheachta ariamh fear gaisgeamhail a bhí i dTóna. Bhí dreatháir aige Seán Mór Mac Donnchadha, nár buaileadh ariamh a' damsa. Bhí an chraobh aige chuile áir ariamh a ndeachaidh sé a' damsa. Bhíodh sé a bádóireacht go ndeachaidh sé go Meireacá agus ní raibh bádóir a bfhearr le fághail.

"Mo ghrá thú i mbárach" mar dubhairt bean Árann le Seán Mór nuair chonnaic sí a damsa é

CARRAIGREACHA RUISÍN A' BHOLGÁIN.

Carraig Téagair, Carraig a' tSsruith, Carraig Pheadair atá i lár an tsruith, carraig na heirimirte (eirimir- timpirt), carraig Chuilm, carraig a Spiocáin in áit a bhfuil spiocán bán ina mullach, carraig na gClochartach, Leacreacha Clann Philipe. Bhí fear in bhFidh Inis, Philip a bhí air. Bhí mac agus ingean aige. Tháinig an mac agus an ingean amach i mbád lá go Roisín a' Bholgáin ag baint feamainne duibhe. Bhí an bád ar leac aca agus iad féin a bainnt na feamainne ar an leic. D'imtigh an bád den leic gaith aduaidh a bhí ann. Leann an mac an bád sa snamh agus báthadh é. Báthadh an ingean ar an leic nuair nár tháinig aon duine a thógadh í sul má tháinig an taoille. Leacreacha Clann Philipe ar an áit.

Chonnaic mé féin beirt stócach as Fiodh Inis ar na leacreacha céadna ar imtigh bád uatha. Chuala mé féin a' bhéiceadhach iad. Bhí athair duine aca i aice na háite

agus d'innis mé dó go raibh duine eicéint a' béiceadhac. Chuaidh an bheirt againn síos. Bhí bád iomartha tuitthe i gcéibh an Chrompáin agus bhuail muid dhá bhuille iomartha uirthi agus ní raibh ann ach go raibh muid i n-am.

Nuair a thigeadh an tonn isteach bhogadh sé den leic iad. Bhí siad ina suidhe agus greim aca ar an bhfeamainn. Thóig muid den leic iad de Chlann Mhac Con Iomaire stócach aca agus de Clann Mhac Uí Mhaoilch Chiaráin an stócach eile. Bhíodar buidheach díomsa.

8/3/32.

LEACRACHA MUINNTIR CHUIRRÍN.

Tá trí cinn acab ann i i dTráigh na Muice i bhFiod Inis atá siad amach ó Aill a' Chipín. Tháinig triúr fear ó Chill Chiaráin a' baint feamainne faoi'n aill. Tá na leacreacha seo tanaidhe dá mbeadh aon thaoille ann bheadh maoim ortha. Bhí an bád luchtuighthe ag an triúr agus nuair a d'imtigheadar amach de chludach an oileáin bhí siad a dhul tar na leacreacha bhris an an mhaoim agus cuireadh an bád go leic. Báthadh an triúr fear a bhí sa mbád. Tá leacreacha Mhuinntir Chuirrín ariamh ó shoin ortha.

AN BÁD SIDHE

ATHAIR MHICILÍN AG BAINT SGADÁIN.

Bhí m'athair ina stócach san am agus bhí col ceathaireacha dó ar an mbaile. Trathnóna casadh le chéile iad agus dubhairt sé leob bheith aniar san oidche agus go rachaidis a' rómhar na tragha ag baint sgadáin – sgadáin gainimhe.

Nuair a d'airigh seisean an trágh a bheith ann thóg sé leis láidhe agus soitheach agus chuaidh aniar le cladach a ceapadh go mbeadh siadsan roimhe ag an tráigh. Nuair a bhí sé aniar ní fhaca sé aon duine roimhe ar an traigh ach an ghaise ba goire dhó – an Gaise Bheag an bealach a mbíonn siad a dhul isteach go Fíod Inis – bhfacthas dó go raibh sí lán de mhuinntir an bhaile agus iad ag baint sgadáin iad ag cainnt agus ag fogairt ar a chéile agus ag bualadh le sluasaidí ar na sgadáin.

Nuair a chuaidh sé chomh fada leis an nGaise ní raibh aon duine ann roimhe na spreabb bainnte ann ach bhí an tiomáint ceadna ar bun ar Árd Tráigh Carraig an Iolraigh,

taobh istigh den Gaise Bheag. Nuair a chuaidh sé go dtí Árdthráigh Charraig an Iolarigh ní raibh aon duine ann roimhe ná spreab bainnte ann ach bhí an ghleó céadna ar siubhal ar Árdthráigh Bhartly Mharcuis taobh istigh dhe sin aríst. Nuair a chuaidh sé isteach ar Árdthráigh Bhartly Mharcuis ní raibh aon duine le feiceáil aige ná aon bhlas den tráigh rómhruighthe roimhe. Ach an béiceadh ceadna ar siubhal istigh ar Thráigh Dubhainín.

Níor fhéad sé a dhul amach thar Árdthráigh Bhartlry Mharcuis agus chas sé siar ar chúl Charraig Mhicil Uí Chaola atá idir an dá thráigh. Nuair a ghabh sé siar ar thráigh Dhubháinín ní raibh aon bhlas le feiceáil aige ann ach bhí an gleó agus an tiomáint céadna ar bun i Árdthráigh Poll na Seantaine. Ghabh sé amach ar Átdthráigh Poll na Seantaine agus bhí sé in aice le baile arís ní raibh idir é féin agus an baile ach gaire. Ní raibh duine

le feiceáil aige a Árdthráigh Poll na Seantaine agus thosuigh sé féin a' romhar go mbaineadh sé roinnt sgadáin. Nuair a thosuigh sé d'airigh sé na sgeana dá dtarraingt faoi na cosa. Bhuail sgrannadh é agus rith sé.

Nuair a bhí an Ghaise caithte aige chuaidh an bád siar an Ghaise – ní raibh snámh do bhád ar bith ann – bhí cheithre bhuillí uirthe agus neart gáire innte nuair a bhí amadán déanta dhe acab i gcaitheamh na hoidhche bhí torann na gceithre bhuille uirthi ní fhaca sé fear a bith uirthi ach cuala sé na gháirthí. Tháinig sé abhaile. Ní raibh ann ach gur bhain sé an baile amach beannacht Dé le n-a anam bhí sé dá rádh liom-sa. Bád sidh a bhí ann.

8/3/32.

A' STRACADH BRADÁN.

Fear i mBaile an Chláir bhíodh sé a stracadh bradáin san oidhche i nabhainn an Chláir. Bhíodh coinneall ghiumhaise aige agus dubhán mór ar mhaide. Chuaidh sé amach an oidhche seo é féin agus fear eile agus nuair a lasadh siad an choinneall bhíodh an choinneall dhá cur as orthab. Bhíodh goire guairdil ag tigheacht ar an uisge agus torann agus sgannruithití na bradáin uathab. An fear a bhí i neinfeacht leis dubhairt se go ngabhfhadh sé abhaile.

Ní ghabhfhaidh mise abhaile go mbeidh iasg agam adeir fear Bhaile an Chláir. Dimtigh an fear eile abhaile las fear Bhaile an Chláir an choinneall arís agus chonaic sé caora dhubh ar bhruach na haibhne. Is tú atá ag coinneál na mbradáin uaim adeir sé. Thosuigh sé ag caitheamh cloch léithe agus ní dhéanadh sí nuair a chaitheadh sé cloch ach a cloigeann a ligint i leathaobh agus an chloch a ligint thairrte.

Nuair a bhí trí nó ceathair de chlocha caithte aige

d’éirigh sí de léim agus dá leagtaoi an caisleán san abhainn ní deanfaí an oiread torainn is rinne sí. Sgannraidh an torann é. Bhí deifir abhaile air.

Nuair a lasadh siad an choinneall agus é chur gar don uisge thigeadh na bradáin go dtí an solus agus ní raibh le déanamh acab ach an dubhán a chur frithab agus a dtarraingt isteach. Dá gcuirtheá poll ar an leac oidhre agus solus a chur os cionn an phuill thiocfadh an tiasg go dtí an poll i riocht is go bheicfeá iad.

8/3/32.

BEAN I GCRUACH NA CAOILE.

Bean a bhí i gCruach na Caoile tháinig tinneas cloinne uirthi. Ní raibh sa teach na ar an oileán ach í féin is a fear. Nuair a bhuail an tinneas í chuaidh an fear amach i mbad don talamh ó thuaidh go bhfághadh sé bean stuamidha. Bhí an bhean ina haonraic sa teach agus an tinneas uirthi. Nuair a tháinig an oidhche bhí sí ina luighe in aice na teine agus a hagaidh leis an teine. Tháinig fear mór dubh isteach nach bhfaca sé ariamh rud mór millteach dubh.

Iompuigh suas a chaile, adeir sé.

Níor iompuigh sí.

Ghlaoidh an coileach agus b'éigin dó ritheacht.

A níor mhór duit é adeir sé marach an fireannach a bheadh ar chalbha agat ba gearr é do shaoghal.

(fireannach = an ghein mhic)

Nuair a tháinig an fear is an bhean stuamadha ar maidin bhí paiste mic aice. Bhí an páiste ceart agus bhí sise sábhailte. Is mór an cumhacht atá ag

coileach féin má bhíonn an glór go maith aige. Tá coileach Mártain thar cionn.

FÉILE BHRIGHDE.

Chual mé mo mháthair a rédh go mbíodh saoire có mór faoi Fhéil Brighde ia a bhíodh acab faoi Nollaig. Bhí trí shaoire faoin Nollaig, Lá Nollag, Lá Féil Stiopháin, Lá Fhéil Eoin. Bhí trí shaoire acab faoi Fhéil Brighde Lá Fhéil Brighde, Lá Féile Muire na gCoinneall agus Lá Fhéile Caolainn.

Slata mara ar an bhfeamainn dearg

Sgoithach ar chloigeann na slaite.

LÁ FHÉILE CAOLAINN.

An tráigh a d'imtigh.

Bhí tráigh bhreagh i nIorrus Mhór a mbíodh an fheamainn dearg a tigheacht ann. Chuaidh daoine a' bailiú na feamainne deirge lá Fhéil Chaolainn. Lá ar na bharach ní raibh aon tráigh le feiceáil ach carraighreacha agus an fheamainn có domhain is go snámhfadh bád timcheall orthab. Na Searra atá baiste orthab ó shoin. D'imtigh an tráigh ar súl (ar siubhal) agus leig sí leis na carraigreacha.

8/3/32.

AN FIGHEADÓIR SA GCNOCÁN. (TIGHTHOLDER).

Bean a raibh ábhar bréidín sníomtha aice chuir sí an t-abhar i mala lá agus thug sí léithe é go dtéigheadh sí chuig a bhfigheadóir leis go ndéanadh sé an bréidín. Bhí sí ag imteach léithe agus sul ar araigh sí bhí si istigh i dteach figheadóra i lár cnocáin.

Cé chuir chugam-sa thú? adeir an figheadóir léithe.

Níor chuir duine ar bith chugat mé adeir sí agus ní chugat a bhí mé a' tigheacht ach níor airigh mé mé féin a' tigheacht annseo. Tá sé chó maith duit an bréidín a dhéanamh dom.

Beidh an bréidín déanta romhat nuair a thiocfas tú annseo Dé Máirt, ar seiseann, má bhíonn tú i ndon m'ainm a innseacht dom an lá sin nuair a thiocfas tú. Agus innseochaidh mé féin duit anois an t'ainm atá orm.

Déanfaidh sin adeir sise.

“Sé an t-ainm atá orm-sa” adeir sé, “Tightholder”.

“Déanfaidh sin” adeir sí agus d’fhág sí an t-ábhar ag an bhfiadóir agus chuaidh sí abhaile.

Ní raibh sí ag an doras nuair nó go raibh an t-ainm imtighte as a ceann. Ní raibh fhios aice céard a dhéanfadh sí. Bhí an lá a bhí socruighthe ag an bhfigheadóir a dtiocfadh sí i gcoinne an bhréidín a’ thigheacht ní ba goire di, agus ní raibh deifir ar bith aice a dhul a dhul go dtí é.

Tháinig bean isteach aice lá. “A bhfuil fhios agat”, adeir an bhean seo, “cén t-amharán a chuala mé agus mé a dul thar chnocán:

“Dá mbeadh fhios ag bean an abhair
An Tightholder atá orm-sa
Bheinn-se gan abhras gan uinéir gan airgead.”

“Tá tú agam”, adeir bean an abhair ina hinntinn féin, ach d’imtigh Tightholder as a

ceann arís sul má bhí sé i n-am dí a dhul go dtí an figheadóir. Ní raibh fhios aice céard a dhéanfadh sí. Bhíodh sí a' siubhal thart i naice leis an gcnocán agus chuala sí féin an t-amharán dhá rádh ag an bhfhigheadóir agus é istigh sa gcnocán.

"Dá mbeadh fhios ag bean an abhair an Tightholder atá orm-sa
Bheinnse gan abhras gan uinéir gan airgead."

Chonnaigh sí an focal ina béal annsin. Bhíodh an t-amharán dhá rádh aice go ndeachaidh sí go dtí an fiagheadóir Dia Máirt. Nuair a tháinig sí isteach i dteach an fhiageadhóra d'fhiafruigh sí dhe a raibh an bréidín déanta aige.

"Tá," adeir sé "a bhfuil fios m'ainm agat?" deir sé.

"Tá," adeir an bhean.

"Céard é?" adeir an figheadóir.

"Seo, cuir an bréidín sa mala dom"

adeir sí, “agus annsuin innseochaidh mé t’ainm duit.”

Chuir sé an bréidín sa mála dí.

“Anois” adeir an figheadóir, “cén t-ainm atá orm?”

“Sé Tightholder atá ort,” adeir sí.

D’imtigh an figheadóir agus an seol i n-aon phléasgadh amháin agus chuir sinneán an bhean agus an mala amach as an gcnocan agus có fada le doras a’ tighe féin.

Ní fhaca sí an figheadóir ní ba mhó.

8/3/32.